studyclix.ie
makes exams easier

presents

# An tSraith Pictiúr

## For the 2023 Leaving Cert Oral Exam



*These notes are generally for Higher Level students but can also be used for those studying at Ordinary Level. We recommend you use these notes as guidelines & help for grammar and vocabulary, and not copy them word for word in the exam.*

*Go n-éirí libh!*

studyclix.ie
makes exams easier


# Lá spraoi san Ardchathair

## Pictiúr 1





- I bpictiúr a haon, feicimind Ciara agus a máthair ag aerfort Baile Átha Cliath.
  In picture 1, we see Ciara and her mother at Dublin airport.
- Cuireann siad fáilte roimh Sofia, peannchara Chiara ón Spáinn nuair a thagann sí isteach óna heitilt.
  They welcome Sofia, Ciara's penpal from Spain as she arrives from her plane.
- Beidh sí ag fanacht leis an gclann ar feadh seachtaine agus deir Ciara leí gurb é an céad rud ar an sceideal acu don seachtain ná turas go dtí an chathair an lá ámarach.
  She'll be staying with the family for a week and Ciara tells her that the first thing on their schedule for the week is a trip to the city tomorrow.

## Pictiúr 2




- Sa phictiúr seo, feicimid Ciara agus Sofia ar thuras buis, ag dul timpeall na cathrach Baile Átha Cliath.
  In this picture, we see Ciara and Sofia on a tour bus, going around Dublin City
- Téann siad i dtreo Sráid Uí Chonaill agus feiceann siad na radhairc spéisiúla go léir atá ann, mar shampla an Túr Solais.
  They go in the direction of O' Connell's Street and they see all the interesting sights that are there, for example the Spire.
- Baineann Sofia an-taitneamh as an turas, níl a leithéid feicthe aici riamh!
  Sofia really enjoys the tour, she hasn't seen anything like it before!


## Pictiúr 3




- Ina dhiadh, téann na cailíní chuig Coláiste na Trionóide chun an Leabhar Cheanannais a fheiscint, chomh maith leis an leabharlann fhada shuntasach atá ann.
  After that, the girls go to Trinity College to see the Book of Kells, as well as the long, impressive library that's there.
- Beartaíonn siad rud éigin a ithe sa bhialann ann freisin, mar go bhfuil ocras mór orthu tar éis breathnú ar na hiontais go léir.
  They decide to eat something in the restaurant there too, because they are really hungry after all the sight-seeing.
- Tá an áit plódaithe le turasóirí agus scoláirí.
  The place is packed with tourists and students.

## Lá Spraoi san Ardchathair (cont'd)

### Pictiúr 4




- I bpictiúr a 4 feicimid gach gníomhacht eile a thugann na cailíní faoi.
  In the fourth picture, we see all the activities the girls are undertaking.
- Téann siad go dtí Músaem Pháirc an Chrócaigh, chun ár spóirt náisiúnta, traidisiúnta a thaispeánt agus a mhíniú do Sofia.
  They go to the Croke Park Museum to see show and explain our national and traditional sport to Sofia.
- Freisin, téann siad go dtí an Staid Aviva, Gairdín na nAinmhithe agus roinnt de na séipéil is cáiliúla agus áille in Éirinn, cosúil le hEaglais Naomh Pádraig.
  As well as that, they go to the Aviva Stadium, Dublin Zoo and some of the most famous and beautiful churches in Ireland, like St. Patrick's Catherdral.
- Tá Sofia ag fáil turas ceart, fairsing, ní call a rá!
  Sofia is getting a proper, extensive tour, it goes without saying!

### Pictiúr 5




- Sa chuigiú phictiúr, téann na cailíní go dtí Sráid Ghrafton chun píosa siopadóireachta a dheánamh.
  In the 5th picture, the girls go to Grafton Street to fo a bit og shopping.
- Nuair atá roinnt éadaigh ceannaithe acu, beartaíonn siad rud éigin a ithe i mbialann "Burkes". Tá biachlár i lámh Sofia agus tá spéis aici sna béilithe traidisiúnta Éireannacha.
  Once they bought a few clothes, they decide to eat something in Burke's restaurant. There's a menu in Sofia's hand and she's interested in the traditional Irish meals.
- Baineann siad sult as an mbéile agus as an atmaisféar breá ar Shráid Ghrafton.
  They enjoy the meal and the great atmosphere on Grafton Street.

### Pictiúr 6




- Faoi dheireadh, tógann Ciara Sofia chuig Amharclann na Mainistreach ag a hocht a chlog chun an dráma "The Field" le John B. Keane a fheiscint.
  Finally, Ciara takes Sofia to the Abbey Theatre to see the play "The Field" by John B Keane.
- Gheobhaidh Sofia léargas ar shaol traidisiúnta in Éirinn fadó gan amhras.
  English translation pulvinar pellentesque nunc eget maximus
- Ceapann Sofia gur dhráma ana spéisiúil a bhí ann agus ag deireadh thiar thall bhí lá thar bharr aici. Ní dhéanfaidh sí dearmad ar an eachtra seo in Éirinn seo riamh.
  Sofia thinks that it was a very interesting drama and all in all, she had a great day. She won't ever forget this experience in Ireland.

Lá Spraoi san Ardchathair (cont'd)

## Ceisteanna

- Cad as do Sofia? / Where is Sofia from?
- Luaigh áit amháin ar thug na cailíní cuairt uirthi. / Name one place that the girls visited.
- Cén t-am a thosaíonn "The Field"? / What time does "The Field" start at?

## Foclóir A-Z

- Peannchara / penpal
- Eitilt / flight
- Sceideal / schedule
- Turas bus / bus tour
- An Túr Solais / The Spire
- Breathnú na n-iontas / sight-seeing
- Suntasach / impressive
- Plódaithe / packed/full
- Séipéil / churches
- Biachlár / menu

## 'ing'

- Ag cur fáilte roimh / welcoming
- Ag dul timpeall / going around
- Ag fáil / getting

## Gramadach

- Ar feadh seachtaine / Tuiseal Ginideach, ar feadh (complex preposition) + seachtain = seachtaine
- Timpeall na cathrach / Tuiseal Ginideach, timpeall (complex preposition) + cathair = cathrach
- Leabharlann f*h*ada s*h*untasach / Leabharlann = baininscneach (feminine), therefore "h" on every adjective
- Béilithe traidisiúnta Éireannacha / Béilithe = plural, therefore every adjective must also be plural (accordance)

## An Bhéaltriail

22. An raibh peannchara agat riamh? / Did you ever have a penpal?
23. Cad as dó/di? / Where are they from?
24. An ndeachaigh tú riamh thar lear? / Have you ever gone abroad?

# Na Déagóirí cróga

## Pictiúr 1



- Sa chéad phictiúr, feictear Seán ina chodladh go sámh.

  In the first picture, Seán is seen peacefully asleep.
- Tá sé beag beann ar an drochaimsir lasmuigh, atá le feiceáil tríd an bhfuinneog.

  He is oblivious to the rain shower outside, which can be seen through the window.
- Lá na lacha atá ann gan aon agó, agus tá an tsráid tréigthe.

  It is a day for the ducks, without a doubt, and the street was deserted.

## Pictiúr 2




- Is léir go ndeachaigh cursaí aimsire in olcas i rith na hoíche - nuair a dhúisíonn Seán bocht, tá ciseal uisce ag clúdach an úrláir!

  It is clear that the weather worsened during the night – when poor Seán wakes up, there is a layer of water covering the floor!
- Tá leibhéal an uisce ag ardú, agus baintear stangadh as Seán. Níl a fhios aige cad ba chóir dó a dhéanamh.

  The water level is rising, and Sean gets a shock. He doesn't know what to do.
- Tá cosa Sheáin agus cosa na cathaoireach faoi cheilt ag an uisce. Tá éadaí chodladh Sheáin fluich báite.

  You can see that Seán's feet and the chair's legs are hidden by the water. Seán's pyjamas are drenched.

## Pictiúr 3



- Déanann Seán tréan-iarracht éalú ón teach, ach tá an doras tosaigh greamaithe de dheasca an uisce.

  Seán makes a big effort to escape the house, but the front door is stuck due to the water.
- Claonann Seán amach leac na fuinneoige agus tosaíonn sé ag béicíl in árd a chinn 's a ghutha. Tá sé ag iarraidh airde a tharraingt ar fhéin.

  Seán leans out of the windowsill and starts to shout at the top of his voice. He is trying to bring attention to himself.
- Tá an t-ádh leis – cloiseann beirt dhéagóir é ag screadaíl. Tá said suite ar bhalla os comhair teach Sheáin

  He is lucky – two teenagers hear him shouting. They are sitting on a wall in front of Seán's house.

Na déagóirí cróga (cont'd)

## Pictiúr 4




- Cruinníonn an bheirt a misneach, agus coileann siad tríd an uisce i dtreo Sheáin.

  The pair gather their courage, and they tread through the water towards Seán.

- Chomh luath is a shroicheann siad Seán, cuireann an cailín, Caitríona, fios ar na seirbhísí éigeandála. Tá sí ullmhaithe leis an seoladh baile**.**

  As soon as they reach Seán, the girl, Caitríona, calls the emergency services. She is ready with the address.

- Déanann an buachaill, Daire, Seán a choimead ar a shuaimhneas. 'Fanfaimid leat' deir sé, 'ná bí buartha'.  Tá Seán an-bhuíoch as an gcomhluadar agus as an gcabhair.

  The boy, Daire, keeps Seán calm. 'We'll stay with you' he says, 'don't worry'. Seán is very thankful for the company and for the help.

## Pictiúr 5



- Gan mhoill, tagann lucht an dóiteáin chun cabhair a thabhairt. Déanann siad tarrtháil tapa ar Sheán, agus éalaíonn sé tríd an bhfuinneog le beagáinín cúnaimh. Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine, mar a deir an seanfhocal!

  Before long, the firemen arrive to help. They save Seán quickly, and he escapes through the window with a bit of assistance. No man is an island, as they say!

- Tá feistisí uisce-dhíonach ar an lucht éigeandála, ach tá Seán, Daire agus Caitríona fluich go craiceann, agus préachta leis an bhfuacht.

  The emergency unit are wearing water-proof clothing, but Seán, Daire and Caitríona are soaked, and frozen by the cold.

- Tá leibhéal an uisce fós ag dul in airde. Is í an tuile is measa a tharla i mbaile Sheáin le blianta beaga anuas.

  The water level is still rising. It is the worst flood to happen in Seán's town in recent years

## Pictiúr 6




- I bhfaiteadh na súl, tá Seán slán sábháilte agus ar ais sa leaba. Faraor, ní mór dó oíche a chaitheamh san ospidéal, ach tá súil aige go dtiocfadh biseach air go luath.

  In the blink of an eye, Seán is safe and sound and back in bed. Unfortunately, he has to spend a night in hospital, but he is hoping to recover soon.

- Fanann Caitríona agus Daire i dteannta Sheáin an t-am ar fad. Tá faoiseamh orthu go bhfuil sé go breá. Tá meangadh gáire orthu uilig.

  Caitríona and Daire stay with Seán the whole time. They are relieved that he is okay. They are all smiling.

- Gabhann Seán míle buíochas leo, agus measann sé gur déagóirí rí-chróga iad. Tá náire orthu agus geallann siad nách raibh fadhb ar bith ag baint leis.

  Seán thanks them, and thinks that they are very brave teenagers. They are embarrassed, and promise him that it was not a problem.

# Na déagóirí cróga (cont'd)

## Ceisteanna

- Conas atá an aimsir sa chéad phictiúr? / How is the weather in the first picture?
- Cad atá á chaitheamh ag na déagóirí / What are the teenagers wearing?
- Cá bhfuil Seán i bpictiúr a sé? / Where is Seán in picture 6?

## Foclóir A-Z

- Beag beann / oblivious
- Tréigthe / deserted
- Ciseal / Layer
- Stangadh/ Shock
- Claon/ to lean
- Misneach / courage
- Seirbhísí éigeandála / emergency services
- Tuile/ flood
- Uisce-dhíonach /water-proof

## 'ing'

- Ag béicíl / Shouting
- Ag suí / Sitting
- Ag iarraidh / trying

## Gramadach

- Cursaí aimsire / Tuiseal Ginideach; an aimsir = cursaí aimsire
- Suite ar bhalla / séimhiú (h) on balla because it follows 'ar' (ar + h)
- An bheirt / Séimhiú (h) on the "beirt" because beirt is feminine.


## An Bhéaltriail

1. An bhfuil seandaoine leochaileach na laehanta seo? / Are old people vulnerable these days?
2. An fadhb mhór í athrú aeráide? / Is climate change a big problem?
3. An bhfuil droch-ainm ag déagóirí sa tsochaí? / Do teenagers have a bad reputation in society?

studyclix.ie makes exams easier

# Rialacha na Scoile

## Pictiúr 1




- Sa chéad phictiúr feicimid príomhoide Ardscoil an Chnoic agus í ar a slí go dtí an tionóil seachtainiúil.
  In the first picture, we see the principle of Ardscoil an Chnoic on her way to the weekly assembly.
- Ag an tionól seo, labhróidh sí le daltaí na scoile faoi imeachtaí na seachtaine agus mar is gnáth, rachaidh sí trí rialacha na scoile. At this assembly, she'll talk to the students about the events of the week, and as per usual, she'll go through the school rules.
- Is iad na rialacha atá acu ná; meas a bheith ar chách, éide scoile a chaitheamh, an scoil a choimeád mar shuíomh sona, obair go dícheallach, gan bhulaíocht a dhéanamh, gan ghuma a chogaint nó tobac a chaitheamh agus faoi dheireadh, gan alcól a ól nó drúgaí a thógáil.
  The rules they have are; respect everyone, wear uniforms, keep the school as a happy place, word diligently, don't bully, don't chew gum or smoke and finally, don't drink alcohol or take drugs.

## Pictiúr 2



- I pictiúr a dó is follas nár éist roinnt de na daltaí leis an bpríomhoide agus feicimid iad ag briseadh na rialacha.
  In Picture 2 it's clear that some of the students didn't listen to the principle and we see them breaking the rules.
- Tá buachaillí ann ag imirt peile ach go tobann tosnaíonn siad ag troid, ní suíomh sona é ar aon nós!
  There are boys playing football but suddenly they start to fight, it's nos a happy place anyway!
- Ansin feicimid cailíní ag briseadh na rialacha freisin taobh thiar den bhothán rothar agus iad ag caitheamh tobaic.
  Then we see girls breaking the rules as well behind the bike shed smoking.

## Pictiúr 3




- I bpictiúr a trí, beireann beirt mhúinteoir, an tUasal Ó Briain agus Bean Uí Thuama ar na daltaí a bhris rialacha na scoile.
  In picture 3, two teachers, Mr. O Brien and Mrs. Twomey catch the students who broke the school rules.
- Tá siad an-chrosta leo. Cuireann an tUasal Ó Briain i gcuimhne do na buachaillí a bhí ag troid gurb iad rialacha na scoile meas a bheith ar a chéile agus suíomh sona a chruthú. Fiafraíonn sé díobh an bhfuil aon rud le rá acu.
  They are very cross with them. Mr. O Brien reminds the boys who were fighting that the school rules are to show respect for each other and to create a happy place. He asks them have they anything to say.
- I gcás na gcailíní, tá Bean Uí Thuama ag tabhairt amach chomh maith. Deir sí go ndéanann tobac dochar dá sláinte agus gur cur amú airgid é.
  In the girls' case, Mrs. Twomey is giving out as well. She says that smoking does damage to your health and it's a waste of money.


## Rialacha na Scoile (cont'd)

### Pictiúr 4





- Nuair a théann na daltaí abhaile, ceistíonn a dtuismitheoirí iad.
  When the students go home, their parents interrogate them.
- Deir siad go bhfuair siad glaoch ón scoil sa tráthnóna ag rá go raibh a bpáiste i trioblóid; fiafraíonn siad díobh cad a rinne siad.
  They say they received a call from the school in the afternoon saying that their child was in trouble; they ask them what they did.
- Dar leo, beidh cruinniú acu leis an bPríomhoide ar maidin faoi.
  According to them, there will be a meeting with the principal in the morning about this.
- Tá ionadh agus scanradh ar na daltaí, tá a fhios acu go bhfuil siad i bponc ceart anois.
  The students are shocked and scared. They know now that they're in a proper fix.

### Pictiúr 5




- I pictiúr a cúig, feicimid Seán, duine de na buachaillí troiblóideach lena thuismitheoirí os comhair an Phríomhoide.
  In picture 5, we see Seán, one of the troublesome boys, with his parents in front of the principal.
- Insíonn an Príomhoide leo cad a tharla. Níl tuismitheoirí Sheáin sásta agus tá náire ar Sheán.
  The principal tells them what happened. Seán's parents aren't happy and Seán is ashamed.
- Tá na daltaí troiblóideacha eile sa seomra feithimh lena dtuismitheoirí ag feitheamh leis an bPríomhoide.
  The other troublesome students are in the waiting room with their parents, waiting on the principal.

### Pictiúr 6




- Sa phictiúr deireanach, feicimid na daltaí a bhris rialacha na scoile i gcoinneáil tar éis scoile.
  In the final picture, we see the students who broke the school rules in detention after school.
- Is é an píonós do chaitheamh tobaic ná uair an chloig amháin I gcoinneáil tar éis scoile agus is é an píonós do throid ná dhá uair an chloig.
  The punishment for smoking is one hour in detention and the punishment for fighting is 2 hours.
- Tá na daltaí ag staidéar rialacha na scoile agus tá ceacht foghlamtha acu anois; ní bhrisfidh siad na rialacha riamh arís!
  The students are studying the school rules and they've learned a lesson now; they won't break the rules ever again!

# Rialacha na Scoile (cont'd)

## Ceisteanna

- Cá bhfuil an príomhoide ag dul i bpictiúr a haon? / Where is the principal going in picture 1?
- Cad atá ar siúl ag na cailíní ag bun an phictiúir i bpictiúr a dó? / What are the girls doing at the bottom of picture 2?
- Cén t-am é i bpictiúr a sé? / What time is it in picture 6?

## Foclóir A-Z

- Tionóil / assembly
- Éide scoile / uniform
- Suíomh / site/place/area
- Bothán rothar / Bike shed
- Dochar / damage
- Cruinniú / meeting
- I bponc / in trouble/in a fix/stuck
- Náire / shame
- Coinneáil / detention
- Píonós / punishment

## 'ing'

- Ag tabhairt amach / Giving out
- Ag troid / Fighting
- Ag feitheamh / Waiting

## Gramadach

- Imeachtaí na seachtaine / Tuiseal Ginideach… seachtain = seachtaine
- Cur amú airgid/ Tuiseal Ginideach… airgead = airgid
- Fiafraíonn siad díobh / Fiafraigh + de
- Leis an bpríomhoide / Leis an + urú

## An Bhéaltriail

11. Cad iad na rialacha scoile sa scoil seo? / What are the rules in this school?
12. An raibh tú riamh i dtrioblóid ar scoil? / Were you ever in trouble at school?
13. Cad é do mheas ar chaitheamh tobac? / What is your opinion on smoking?
14. An bhfuil córas i bhfeidhm in aghaidh bulaíochta I do scoil? / Is there a system against bullying in your school?

# Mo cheol thu! Mo cheol sibh

## Pictiúr 1




- I bpictiúr a haon, feicimid fógra crochta ar an mballa sa halla i gColáiste Phádraig.
  In picture 1, we see a notice hanging on the wall in the hall in Coláiste Phádraig.
- Dar leis an bhfógra beidh an grúpa traidisiúnta ag cleachtadh ag am lóin agus tar éis scoile gach Luan agus Céadaoin, más mian le héinne dul ann.
  According to the notice; the trad group will be practising at lunch time and after school every Monday and Wednesday, if anyone wanted to go along.

## Pictiúr 2



- Sa phictiúr seo, feicimid an cleachtadh ceoil faoi lán seoil tar éis scoile. Tá sé cúig a chlog sa tráthnóna.
  In this picture, we see the music practice in full swing after school. It's 5 a clock in the evening.
- Tá fuaimeanna áille ag teacht ón ngrúpa agus iad ag seimn amhráin traidisiúnta.
  Lovely sounds are coming from the group as they play a traditional song.
- Tá Síle agus Seán ar an bhfidil, tá Maidhc ar an bhfliúit, tá Máire ag seinm na feadóige agus tá an tUasal Ó Conaill á stiúradh.
  Síle and Seán are on the fiddle, Maidhc is on the flute, Máire is playing the tin whistle and Mr. O' Connell is conducting.


## Pictiúr 3




- I pictiúr a trí feicimid Síle ag seinm na fidle leí féin sa bhaile. Tá sí ag cleachtadh go rialta mar tá port nua le foghlam aici don lá dár gcionn.
  In picture 3, we see Síle playing the fiddle by herself at home. She's practising regularly because she has a new tune to learn for tomorrow.
- Is léir gur cailín díongbháilte í, a bhfuil féith an cheoil inti.
  It's clear she's a determined girl, who has a talent for music.

## Mo cheol thu! Mo cheol sibh (cont'd)

### Pictiúr 4




- Sa chéad leath den phictiúr seo, tá an grúpa traidisiúnta ag Fleá an Chontae. Sheinn siad go beomhar agus bhain an lucht éisteachta an-taitneamh as.
  In the first half of this picture, the trad group is at the County Fleá. The play lively and the crowd enjoys it.
- Fógraíonn an moltóir go raibh ceithre ghrúpa traidisiúnta san áireamh, go raibh siad go léir ar fheabhas, go raibh obair mhór déanta acu go léir ach gurbh é an buaiteoir ná Coláiste Phádraig!
  The judge announces that there were 4 trad groups in question, that they were all brilliant, that they all put in a lot of work but the winner is Coláiste Phádraig!
- Ansin tá siad ag Fleá an Chúige. Léann an moltóir amach torthaí an chomórtais. Tá sé buaite arís ag Coláiste Phádraig, grúpa féithiúil iad gan aon amhras!
  Then they're at the provincial Fleá. The judge reads out the results of the competition, Coláiste Phádraig have won again, they're a gifted group without any doubt!

### Pictiúr 5




- Faoi dheireadh, sroicheann an grúpa traidisiúnta Fleá Cheoil na hÉireann i Leitir Ceanainn. Tá an áit dubh le daoine agus tá ceol le chloisint i ngach áit.
  Finally, the trad group reaches Fleá Cheoil na hÉireann in Letterkenny. The place is black with people and music can be heard everywhere.
- Sa dara leath tá ceolchoirm na mbuaiteoirí faoi lán seoil agus is léir go bhfuil an Fleá buaite ag an ngrúpa traidisiúnta ó Choláiste Phádraig. Tá lúcháir an domhain orthu agus bíonn spórt agus spraoi iontach acu an oíche sin.
  In the second half, the winner's concert is in full swing and it's clear that the trad group from Coláiste Phádraig won the fleá. They are overjoyed and they have great fun that evening.
- Oíche lán le craic agus ceol atá ann, ní call a rá!
  It's a night full of craic and music, it's goes without saying!

### Pictiúr 6




- Sa phictiúr deireanach tá an grúpa ar ais sa bhaile i halla na scoile. Feicimid an grúpa go léir suas ar an stáitse lena gcuid uirlisí ceoil.
  In the last picture the group is back home in the school hall. We see the whole group up on the stage with their musical instruments.
- Tá príomhoide na scoile ann freisin i mbun óráide.
  The school principal is there too, making a speech.
- Deir sé gur bua stairiúil atá ann don scoil. Molann sé agus gabhann sé buíochas leis an ngrúpa as ucht a gcuid oibre agus comhoibriú agus gan tuilleadh moille, ligeann sé leo seinm do phobal na scoile.
  He says it's a historic win for the school. He praises and thanks the group for their hard work and co-operation and without further ado, he lets them play for the school.
- Tugann siad bualadh bos mór dóibh agus bíonn oíche iontach acu.
  They give them a huge applause and they have a great night.

# Mo cheol thú! Mo cheol sibh (cont'd)

## Ceisteanna

- Cén uirlis cheoil atá á sheinm ag Síle i bpictiúr a 3? / What musical instrument is Síle playing?
- Cá bhfuil an grúpa i bpictiúr a 5? / Where is the group in picture 5?
- Cén t-am a bhfuil an céiliúradh sa scoil ar siúl? / What time is the celebration on in the school?

## Foclóir A-Z

- Cleachtach / practise
- Fuaimeanna / noises
- Port / tune
- Féith / talent
- Díongbháilte / determined
- Stáitse / stage
- Fliúit / flute
- Feadóg (stáin) / (tin) whistle
- Dubh le daoine / Black with people
- Óráid / speech

## 'ing'

- Ag stiúradh / conducting/directing
- Ag seinm / playing
- Ag cleachtadh / rehearsing/practising

## Gramadach

- Ag seinm na feadóige / Tuiseal Ginideach after infinitive verb (ag +).. Feadóg = feadóige
- Lena gcuid uirlisí cheoil / Leis + a (their) + urú
- Ó Choláiste Phádraig / Ó + séimhiú (h)
- I mbun óráide / In the middle of a speech.. Tuiseal Ginideach.. complex preposition. Oráid = oráide

## An Bhéaltriail

18. An seinm tú ceol? / Do you play music?
19. Cad a sheinm tú? / What do you play?
20. Cad é an seánra ceoil is fearr leat? / What is your favourite genre of music?
21. An raibh tú riamh ag an bhFleá Cheoil? / Were you ever at the Fleá Cheoil?

# An Ghaeilge – seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr

## Pictiúr 1




- Feicimid Seán agus Máire taobh amuigh de shiopa ceoil i lár na cathrach.

  We see Seán and Máire outside a music shop in the city centre
- Dar le fógra crochta ar an doras, tá sladmhargadh na Cásca ar siúl faoi láthair.


  According to a notice hanging on the door,the Easter sale is on at the minute.
- Tá athas an domhain orthu fógra as Gaeilge a fheiceáil.

  They're delighted to see a sign in Irish
- Ansin, socraíonn siad iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a chur chun cinn iad féin.

  They then decide to try to promote Irish themselves!
- I bhfuinneog an tsiopa, feicimid bosca ceoil, bodhrán, conceirtín agus clairseach.

  In the shop window, we see an accordion, a bodhrán, a concertina and a harp

## Pictiúr 2




- Anseo, feicimid Seán agus Máire ina suí ós comhair an ríomhaire.

  We see seán and Máire sitting in front of the computer
- Tá sé socruithe acu dul go dtí an Ghaeltacht chun a gcuid Gaeilge labhartha a fheabhsú.

  They have decided to go to the gaeltacht in order to improve their spoken irish
- Feicimid iad ag lorg eolais faoi chúrsaí Gaeltachta ar Facebook.

  We see them looking for information on Gaeltacht courses on FB.

## Pictiúr 3



- Ní fada go bhfuil turas go dtí an Spidéal eagraithe acu.

  It's not long until they've organised a trip to Spiddle.
- Buaileann siad le daoine nua ann agus tá an deis acu a gcuid Gaeilge a chleachtadh.


  They meet new people there and they have the opportunity to practice their Irish
- Baineann siad taitneamh agus tairbhe as na himeachtaí éagsúla sa Spidéal – céilithe san oíche agus cluichí eitpheile ar an trá i rith an lae.

  They really enjoy the various activities in Spiddle – céilis at night and games of volleyball on the beach during the day.
- Tá an ghrian ag scoilteadh na gcloch agus cuireann an dea-aimsir go mór leis an saoire.

  The sun is splitting the stones and the great weather really enhances their holiday.

# Ghaeilge - seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr (cont'd)

## Pictiúr 4




- Méan Fomhair atá ann agus tá Seán agus Máire ar ais ar scoil tar éis na laethanta saoire.

  It's September and Seán and Máire are back at school a!er the holidays

- Beartaíonn siad agus cúpla cara leo ciorcal cainte a eagrú ag am lóin.

  They, along with a couple of their friends, decide to set up a conversation circle at lunch time

- Feicimid iad i mbun comhrá as Gaeilge le chéile.

  We see them chatting away together in irish.

- Is iontach an radharc é!

  It's great to see!

## Pictiúr 5




- Sa phictiúr seo, feicimid Máire ag éisteacht le clár ar Raidío na Gaeltachta.

  Here, we see Máire listening to RnaG.

- Tá an aipp íoslódáilte aici ar a fón póca agus baineann sí an-taitneamh as.

  She has downloaded the app on her phone and really enjoys it

- Ansin, feicimid Seán agus Máire ar a sáimhín só os comhair na teilifíse ag baint suilt as ceann de na cláracha iontacha ar TG4.

  Then, we see Seán and Máire chilling out in front of the TV enjoying one of the excellent programmes on TG4

## Pictiúr 6




- Sa phictiúr seo, feicimid Seán agus Máire i dteannta ionadaí ó Chonradh na Gaeilge.

  We see Seán and Máire in the company of a representative from Conradh na Gaeilge

- Tá an bhean ag bronnadh gradaim orthu as ucht na hoibre atá déanta acu an Ghaeilge a neartú, a chaomhnú agus a chur chun cinn sa cheantar agus ar scoil.

  The woman is presenting an award to them for their great work promoting, preserving and strengthening Irish in the area and at school.

- Tá siad an-bhródúil astu féin.

  They're really proud of themselves.

studyclix.ie
makes exams easier

# Ghaeilge - seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr (cont'd)

## Ceisteanna

- Cad iad na huirlisí ceoil atá le feiceáil san fhuinneog? / What instruments can one see in the window?
- Cad atá ar siúl ag na daltaí ar an trá? / What are the students doing on the beach?
- Cén fáth a bhronnann an bhean an gradam seo ar Sheán agus Máire? / Why does she present them with this award?

## Foclóir A-Z

- Fógra / Notice
- Crochta / Hung
- Bosca Ceoil / Accordion
- Clairseach / Harp
- Socruithe / Organised
- Tairbhe / Benefit
- Íoslódáilte / Downloaded
- Imeachtaí / Activities
- I dteannta / with/in the company of
- Ionadaí / Representative

## 'ing'

- Ag scoilteadh (na gcloch) / Splitting the stones
- Ag baint (suilt) / Enjoying
- Ag lorg / looking/searching for

## Gramadach

- Sladmhargadh na Cásca / Easter sale (Tuiseal Ginideach)
- Buail + **le** / to meet
- Imeachta**í** éagsúl**a** / various activities (plural noun causes plural adjective)
- An-bhrodúil / very proud – an +"h"

## An Bhéaltriail

1. An leabhraíonn tú Gaeilge go minic? / Do you speak Irish often?
2. Cad a ndéanann tú chun an Ghaeilge a spreagadh? / What do you do to encourage Irish?
3. An bhféachann tú ar TG4? / Do you like studying?

studyclix.ie
makes exams easier

# Ná húsáid an cárta creidmheasa gan chead

## Pictiúr 1




- I bpictiúr a haon feicimid Seán agus Máire ós comhair an ríomhaire.

  In P1 we see Seán and Máire in front of the computer

- Dar leis an suíomh gréasáin, beidh an banna ceoil is fearr leo "Kodaline" ag seinm go luath sa staid Aviva i mBaile Átha Cliath.

  According to the website, their favourite band Kodaline will be playing soon in the Aviva Stadium in Dublin

- Toisc nach gcosnaíonn na ticéid ach caoga euro, socraíonn siad láithreach dul ann.

  As the tickets only cost 50 euro, they immediately decide to go


- Chun íoc as na ticéid, ní mór dóibh cárta creidmheasa a úsáid

  In order to pay for the tickets, they have to use a credit card.

- Cuimhníonn Seán go bhfuil cárta Dhaid fágtha ag an matal aige agus ar ámharaí an tsaoil, tá an uimhir ar eolas ag Máire!

  Seán remembers that Dad's card is on the mantlepiece and as luck would have it, Maire knows the number!

## Pictiúr 2




- Téann siad sa tseans agus ceannaíonn Séan na ticéid, i ngan fhios dá athair.

  They take a chance and Seán buys the tickets without his father's knowledge

- Céad euro ar an iomlán atá le híoc acu.

  They have to pay 100 euro in total

- Déarfainn nach mbeidh Daid ró - thógtha le seo!

  I would say that Dad won't be too impressed with this!

## Pictiúr 3




- Anseo, tá an lá mór tagtha agus feicimid Séan agus Máire ag baint taitnimh as an gceol iontach ann.

  The big day has arrived and we see Seán and Máire enjoying the wonderful music.

- Tá atmaisféar leictreach le brath agus tá an staid ag cur thar maoil le lucht leanúna Kodaline.


  There's an electric atmosphere and the stadium is overflowing with Kodaline fans

- Buaileann siad le roinnt cairde ann agus tá an-oíche go deo acu!

  They meet a couple of friends there and they really have a fantastic night!

## Ná húsáid an cárta creidmheasa gan chead (cont'd)

### Pictiúr 4




- Sa phictiúr seo, feicimid Daid ag iniúchadh a bhille Visa.

  In this picture, we see Dad studying his Visa bill.

- Baintear geit uafásach as nuair a thugann sé faoi deara 100 euro sa bhreis air.

  He gets a terrible fright when he notices an extra 100 euro on it.

- Gan dabht, tá mearbhall air agus ní thuigeann sé céard atá tarlaithe.

  Without doubt, he's confused and doesn't understand what has happened

### Pictiúr 5




- Gan mhoill, téann Daid chun an scéal a phlé lena phaistí.

  Without delay, dad goes to discuss the matter with his children

- Tá sé ar thóir na fírinne is léir.

  It's clear he's in pursuit of the truth.

- Admhaíonn Seán agus Máire gur bhain siad úsáid as an gcárta chun íoc as na ticéid agus tá uafás ar na tuistí lena n-iompar.

  Seán and Máire admit that they used the card to pay for the tickets and their parents are disgusted with this behaviour

- Gabhann an bheirt acu a leithscéal leo ach is léir go bhfuil díomá an domhain ar a dtuistí.

  The two apologise but it's clear that their parents are hugely disappointed

### Pictiúr 6




- Mar chúiteamh, ní mór do Sheán agus Máire go leor dualgaisí tí a dhéanamh.

  As compensation, Seán and Márie have to do a lot of household chores

- Tá an folúsghlantachán á dhéanamh ag Máire agus tá Seán ag glanadh na bhfuinneog.

  Máire is hoovering and Seán is cleaning the windows

- Tá a dtuistí ag coimeád súil ghéar orthu!

  Their parents are keeping a close eye on them

- Ní call a rá go bhfuil a gceacht foghlamtha acu!

  It goes without saying that they have learned their lesson!

Ná húsáid an cárta creidmheasa gan chead (cont'd)

## Ceisteanna

- Cé mhéad a chosnaíonn na ticéid don cheolchoirm? / How much do the tickets cost?
- Cén chuma atá ar na tuistí i bpictiúr a cúig? / How do the parents look in pic 5?
- Cén sort oibre atá ar siúl ag Seán agus Máire i bpictiúr a sé? / What kind of work are Seán and Máire doing in pic 6?

## Foclóir A-Z

- Suíomh gréasáin / Website
- Láithreach/ Straight away
- Matal / Mantelpiece
- Atmaisféar leitreach / electric atmosphere
- Lucht leanúna / fans/followers
- Baintear geit as… / … gets a fright
- Sa bhreis / extra
- Cúiteamh / Compensation
- Dualgaisí tí / Chores
- Folúsghlantachán / Hoovering

## 'ing'

- ag cur thar maoil / overflowing
- ag iniúchadh / studying/analyzing
- ag glanadh / cleaning

## Gramadach

- Íoc + **as** = to pay for
- Ar thóir **na fírinne** = in pursuit of the truth/looking for the truth – ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach
- Déarfainn = I would say = briathar sa Mhodh Coinníollach
- I ngan fhios dá athair = dá = do + a

## An Bhéaltriail

1. An bhfuil do thuismitheoirí dian? / Are your parents strict?
2. Inis dom faoin cheolchoirm is fearr ina raibh tú ann riamh / Tell me about your favourite concert
3. Cad é an banna ceoil is fearr leat? / Whats your favourite band?

studyclix.ie
makes exams easier

# Fadhbanna ar Saoire

## Pictiúr 1




- Lá amháin suíonn clann Uí Thuama síos le chéile tar éis an dinnéir.
  One day, the Twomey family sit down together after dinner.
- Deir Mam “Bhí mé féin agus Daid ag sábháil ar feadh tamaill anois agus toisc go bhfuil an Ardteist ar siúl agaibh an bhliain seo chugainn, rachaimid ar saoire i mbliana.”
  Mam says, “Myself and Dad were saving for a while now and seeing as the Leaving Cert is next year, we’re going to go on holidays this year.”
- Deir Daid go ndearna sé píosa taighde ar an idirlíon agus go rachaidh sé go dtí an gníomhaire taistil ag an deireadh seachtaine chun níos mó eolais a fháil.
  Dad says that he did some research online and that he’ll go to the travel agent at the weekend to get more info.
- Tá an cúpla; Pól agus Síle ar bís faoi seo agus tá siad ag tnúth go mór leis.
  The twins, Paul and Síle are excited about this and are looking forward to it.


## Pictiúr 2




- I bpictiúr a dó, feicimid an chlann i mbun comhrá leis an ngníomhaire taistil. Deir Daid léí go bhfuil an rogha déanta acu, go ndeachaigh na páistí ar an idirlíon agus gur phioc siad Malaga mar cheann scríbe.
  In picture 2, we see the family in the middle of a conversation with the travel agent. Dad tells her they have made their choice, that the kids went online and they picked Malaga as the destination.
- Deir sí go bhfuil rogha mór óstán ann agus go bhfuil ionadaí acu ann. Taispeánann sí roinnt ostán dóibh.
  She says they have a big choice of hotels there and they have a representative there. She shows them a couple of hotels.
- Taitníonn ostán amháin go háirithe le Síle agus Pól mar go bhfuil áiseanna iontacha ann, féachann sé compórdach agus tá sé lonnaithe i suíomh maith, lárnach.

  Síle and Paul really like one hotel especially because there are great facilities there,

## Pictiúr 3




- Sa phictiúr seo, sroicheann an chlann aerfort Malaga agus cuireann an t-ionadaí taistil fáilte rompu. Tugann sé a uimhir fóin dóibh agus deir sé leo glaoch a chur air má tá aon fhadhb acu.
  In this picture, the family arrives at Malaga airport and the rep welcomes them. He gives them his phone number and tells them to call him if there are any problems.
- Tá sceitiminí an domhain ar an gclann a bheith ann faoi dheireadh.
  The family are excited to be there at last.
- Tá an ghrian ag scoilteadh na gcloch agus tá an chlann ag caitheamh a spéaclaí gréine toisc go bhfuil an aimsir chomh deas.
  The sun is splitting the stones and the family are wearing their sunglasses because the weather is so nice.

## Fadhbanna ar Saoire (cont'd)

### Pictiúr 4




- Téann muintir Uí Thuama go dtí a n-óstán darb ainm Hotel Sol.
  The Twomey family go to their hotel called Hotel Sol.
- Tá ionadh agus déistin orthu, mar tá an seomra go hainnis agus go hiomlán bunoscionn. Is léir nách raibh sé glanta ar feadh tamaill agus níl an leaba déanta fiú!
  They are shocked and disguted because the room is terrible and a total mess. It's clear it hasn't been cleaned for a while and the bed isn't even made!
- Téann an t-athair go dtí an fáiltóir chun gearán a dheánamh faoi cruth an tseomra. Deir sé go bhfuil fonn orthu fanacht in óstán eile.
  The father goes to the reception to make a complaint about the state of the room. He says that they want to stay in another hotel.
- Ag an am céanna, cuireann an mháthair glaoch ar an ionadaí chun an scéal a insint agus a míshástacht a léiriú.
  At the same time, the mother calls the rep to tell the story and to express her dissatisfaction.

### Pictiúr 5




- I bpictiúr a 5, feicimid muintir Uí Thuama i mbun comhrá leis an ionadaí taistil arís.
  In picture 5, we see the Twomey family having a conversation with the travel rep again.
- Gabhann sé a leithscéal leo faoin ostán agus míníonn sé go bhfuil stailc ar siúl faoi láthair agus gurb é sin an fáth nach raibh an seomra glan.
  He apologises for the hotel and explains that there is a strike on at the moment and that's why the room wasn't clean.
- Geallann sé dóibh go bhfanfaidh siad in óstán nua darb ainm "Salles Central" atá i suíomh níos fearr agus beidh uasghrádú ar a seomra chomh maith.
  He promises them that they will stay in a new hotel called "Salles Central" which is in a better location agus their room will also be upgraded.

### Pictiúr 6




- Sa phictiúr deireanach, feictear an chlann ag ligint a scíthe ar thaobh na linn snámha ag a n-ostán nua. Níl cíos, cás ná cathú orthu agus is lá breá brothallach é.
  In the last picture, the family is relaxing by the pool at their new hotel. They haven't a care in the world and it's a great, sunny day.
- Tá siad lán-sásta leo féin anois, agus caitheann siad an lá ar fad ag sú na gréine agus ag snámh.
  They are delighted with themselves now, and they spend the whole day sunbathing and swimming.
- Smaoiníonn Daid gur fíor an seanfhocal, "Is olc an ghaoth nách séideann maith do dhuine éigin".
  Dad thinks it's true what the old saying says, "It's a bad wind that doesn't blow good for someone".

studyclix.ie
makes exams easier

# Fadhbanna ar Saoire (cont'd)

## Ceisteanna

- Cá bhfuil muintir Uí Thuama I bpictiúr a dó? / Where is the Twomey family in picture 2?
- Conas atá an aimsir sa triú phictiúr? / What's the weather like in the 3rd picture?
- Cad a cheapann Mam faoin óstán nua? / What does Mam think about the new hotel?

## Foclóir A-Z

- Taighde / research
- Gníomhaire Taistil / travel agent
- Ar bís / excited
- Ionadaí / representative
- Spéaclaí gréine / sunglasses
- Déistin / disgust
- Ionadh / shock/surprise
- Go hainnis/ terrible
- Uasghrádú / upgrade
- Stailc / strike

## 'ing'

- Ag sú na gréine / Sunbathing
- Ag ligint a scíthe / Relaxing
- Ag caitheamh (followed by an item of clothing) / wearing

## Gramadach


- Aon f**h**adhb / "Aon" is always followed by a séimhiú (h)
- Go dtí a **n**-óstán / "a n-óstán" is *their hotel*, so when it's *their*, the following word must take an ***urú.***
- **...a míshástacht** a léiriú. / "her dissatisfaction". When it's female possessive, the following word never takes a séimhiú (h).
- Ag sú na gréine. / Tuiseal Ginideach… infinitve verb followed by a noun changes the noun. Grian = na gréine.

## An Bhéaltriail

44. An dtéann do chlann ar laethanta saoire? / Does your family go on holiday?
45. Cá raibh tú ar laethanta saoire? / Where have you been on holidays?
46. An mbeidh tú ag dul ar laethanta saoire tar éis na hArdteiste? / Will you go on a holiday after the Leaving?
47. An raibh tú riamh sa Spáinn? / Were you ever in Spain?

# An Fhoireann ag cruthú go hiontach

## Pictiúr 1




- I bpictiúr a haon feicimid beirt scoláire; Seán agus Pádraig, lasmuigh de Choláiste Eoin. Mí Mheán Fómhair atá ann.
  In picture 1, we see 2 students, Seán and Pádraig outside of Coláiste Eoin. It's September.
- Tá fógra á chrochadh ar an mballa ag rá go bhfuil imreoirí nua á lorg ag an bhfoireann iomána don tsraith iomána atá ag teacht suas.
  There is a notice hanging on the wall saying that the hurling team are looking for new players for the hurling league that's coming up.
- Deir Seán go bhféadfadh sé a bheith spéisiúil agus ba cheart triail a bhaint as. Aontaíonn Pádraig leis agus deir sé go labhróidh sé leis an Uasal Ó Murchú, traenálaí na fóirne iomána.
  Seán says it could be interesting and that they should try it out. Pádraig agrees and says that he'll speak with Mr. Murphy, the hurling team's trainer.

## Pictiúr 2




- Sa phictiúr seo, cinntíonn Seán le Pádraig go bhfuil spéis aige imirt leis an bhfoireann iomána. Deir Pádraig go bhfuil agus go mbainfidh siad triail as ar aon nós.
  In this picture, Seán confirms with Pádraig that he has an interest in playing with the hurling team. Pádraig says he does and that they'll give it a go anyway.
- Téann siad go dtí oifig an Uasail Ó Múrchú chun ceisteanna a chur air faoi cad a bheidh i gceist leis an bhfoireann iomána.
  They go to Mr. Murphy's office to ask him questions about what will be involved.
- Cuireann Pádraig ceist air cén t-am a bhíonn an traenáil ar siúl agus freagraíonn an tUasal Ó Murchú go mbíonn sé ar siúl dhá lá in aghaidh na seachtaine tar éis scoile.
  Pádraig asks him what time training is on at and he answers that it's on every second day after school.

## Pictiúr 3




- I bpictiúr a trí, tá an traenáil iomána faoi lán seoil ag an Uasal Ó Murchú agus feictear na buachaillí i mbun traenála.
  In picture 3, the hurling training is in full swing by Mr Murphy and we see the boys training away.
- I bhfaiteadh na súl, mí Aibreáin atá ann agus feictear na buachaillí in oifig an Uasail Ó Murchú.
  In no time at all, it's April and we see the boys in Mr. Murphy's office.
- Deir sé go bhfuil bliain iontach curtha síos agus an-obair déanta acu i leith na hiománaíochta. Tá siad sá chraobh anois!
  He says they have a great year put down and great work done with regards hurling. They're now in the final!

studyclix.ie
makes exams easier

An Fhoireann ag cruthú go hiontach (cont'd)

## Pictiúr 4




- Cuirtear fógraí suas ar fud na scoile ag rá go mbeidh busanna don chraobh ag imeacht ag a dó a chlog.
  Notices are put up all over the school saying that buses to the final will be leaving at 2 o clock.
- Iarrtar ar na daltaí dul ann agus tacú leis an bhfoireann.
  The students are asked to go and support the team.
- Imeacht iontach a bheidh ann gan dabht.
  It will be a great event, without a doubt.

## Pictiúr 5




- I bpictiúr a cúig, feicimid an cluiche iomána ag lán-ama.
  In picture 5, we see the hurling match at full time.
- Fuair Coláiste Eoin an lámh in uachtar ar Choláiste Phádraig agus bhuaigh siad an cluiche.
  Coláiste Eoin got the upper hand of Coláiste Pádraig and they won the game.
- An scór deireanach a bhí ann ná 2-8 go Coláiste Eoin agus 2-6 go Coláiste Phádraig. Cluiche theann a bhí ann!
  The final score was 2-8 to Coláiste Eoin and 2-6 to Coláiste Phádraig. It was a tight game!
- Feicimid an corn i lámh Phádraig. Tá lucháir an domhain ar an bhfoireann agus ar a lucht tacaíochta.
  The team and their support are overjoyed.

## Pictiúr 6




- Sa phictiúr deireanach, tá an fhoireann iomána, an tUasal Ó Murchú agus príomhoide na scoile go léir bailithe os cómhair na scoile.
  In the last picture, the hurling team, Mr. Murphy and the principal are all gathered in front of the school.
- Deir an príomhoide go bhfuil éacht iontach bainte amach acu. Molann sé go hárd sa spéir iad agus geallann sé go mbeidh cóisir mhór ar siúl dóibh go luath.
  The principal says that it's a great achievement. He highly commends them and promises that there will be a big party for them soon.
- Déanann sé comhghairdeas leis an bhfoireann agus leis an Uasal Ó Murchú as ucht a gcuid oibre.
  He congratulates the team and Mr. Murphy on their hard work.

An Fhoireann ag cruthú go hiontach (cont'd)

## Ceisteanna

- Cén mhí atá ann i bpictiúr a haon? / What month is it in Picture 1?
- Déan cur síos ar mhothúcháin na mbuachaillí i bpictiúr a cúig. / Describe the boys' emotions in picture 5.
- Cad atá i lámh Phádraig i bpictiúr a cúig? / What is in Pádraig's hands in picture 5?

## Foclóir A-Z

- Sraith iomána / Hurling league
- Traenálaí / Trainer
- Craobh / Final
- Imeacht / Event
- Lán-ama / Full-time
- An lámh in uachtar/ the upper hand
- Corn / Trophy/cup
- Lucht tacaíochta / support group
- Éacht / achievement
- Cóisir / party

## 'ing'

- Ag imeacht / Leaving
- Á chrochadh / Hanging
- Ag lorg / looking/searching for

## Gramadach

- traenálaí na fóirne iomána / Tuiseal Ginideach; an fhoireann = na fóirne
- Oifig an Uasail Ó Murchú / Tuiseal Ginideach; an tUasal = an Uasail
- Déanann sé comhghairdeas leis / Déan + comhghairdeas + le
- Cóisir mhór / Séimhiú (h) on the "mór" because "cóisir" (the noun) is feminine.

## An Bhéaltriail

1. An imríonn tú sport? / Do you play sport?
2. An raibh d'fhoireann riamh i gcraobh? / Was your team ever in a final?
3. An bhfuil tábhacht le spórt ar scoil, meas tú? / Is sport in school important, do you think?

# Sláinte na nÓg – Seachtain na Sláinte

## Pictiúr 1




- Sa phictiúr seo, maidin Luain atá ann ag leathuair tar éis a naoi agus tá príomhoide na scoile ag tabhairt fógra do na daltaí ar an idirchum.

  It's Monday morning at half nine and the principal is giving an announcement to the students on the intercom

- Dar leí, Seachtain na Sláinte atá inti ar scoil agus cuirfear béim ar shláinte na ndaltaí a chur chun cinn le linn na seachtaine.

  According to her, it's healthy week at school and an emphasis will be put on promoting student health during the week

## Pictiúr 2




- Mar chuid de Sheachtain na Sláinte, déanann an scoil iarracht na daltaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí spóirt.

  As part of healthy week, the school tries to encourage the students to take part in sport


- Eagraítear cluiche peile idir na daltaí agus na múinteoirí i bpáirc na scoile.

  A football match is organised between the teachers and the students in the school pitch

- Ansin, i Halla na Scoile, cuirtear ranganna aclaíochta ar siúl do na daltaí agus baineann siad an-taitneamh astu.

  Then, in the school hall, fitness classes are held for the students and they really enjoy them

## Pictiúr 3




- I gceaintín na scoile, tá bia sláintiúil ar nós torthaí, íogart agus arán donn tí ar díol agus tá an-tóir orthu.

  In the school canteen, healthy food like fruit yoghurt and soda bread are on sale and are very popular

- Feicimid ansin buachaill amháin agus bia gasta á ithe aige.

  Then, we see one boy eating fast food

- Is léir nach dtuigeann sé go ndéanann bia mar seo dochar don tsláinte má itear an iomarca de.

  It's clear that he doesn't realise that food like this does damage to one's health if one eats too much of it

## Sláinte na nÓg – Seachtain na Sláinte (cont'd)

### Pictiúr 4




- Chun airgead a bhailiú le haghaidh trealamh spóirt don scoil, reachtáltar siúlóid urraithe agus is imeacht rathúil amach is amach é.

  To raise money for school sports equipment, a sponsored walk is held and it's a hugely successful event

- Glacann idir mhúinteoirí agus dhaltaí páirt sa tsiúlóid lá grianmhar amháin.

  Both teachers and students take part in the walk one sunny day

### Pictiúr 5




- Sa phictiúr seo, labhraíonn aoichainteoir faoi fhadhbanna mheabhairshláinte leis na daltaí.

  A guest speaker talks to the students about mental health problems

- Spreagann sí na daltaí labhairt lena dtuismitheoirí nó lena múinteoirí má tá aon rud ag cur isteach orthu.

  She encourages the students to speak to their parents/teachers if there's anything bothering them

- Gan dabht, tá na daltaí ag éisteacht go géar leis an gcomhairle.

  Without doubt, the students are listening carefully to the advice

### Pictiúr 6




- Tráthnóna Aoine atá ann agus feicimid an príomhoide ar an idirchum arís.

  It's Friday afternoon and we see the principal on the intercom again

- Molann siad na daltaí as ucht na hiarrachta a rinne siad le linn Seachtain na Sláinte.

  She praises the students for their effort during healthy week

- Seachtain den scoth a bhí inti agus tá an príomhoide fíorbhuíoch do gach duine.

  It was a fantastic week and the principal is very grateful to everyone.

# Sláinte na nÓg – Seachtain na Sláinte (cont'd)

## Ceisteanna

- Cad atá ar siúl i Halla na Scoile? / What is happening in the school hall?
- Cén sórt bia atá ar fáil sa cheaintín? / What type of food is available in the canteen?
- Cén fáth a bhfuil siúlóid urraithe ar siúl? / Why is the sponsored walk being held?

## Foclóir A-Z

- Idirchum / intercom
- Béim (a chur) / (to put) emphasis
- A chur chun cinn / promoting
- Ranganna aclaíochta / athletics classes
- Le linn / during
- Bia gasta / fast food
- Trealamh / equipment
- Urraithe / sponsored
- Meabhairshláinte / mental health
- Siúlóid / walk

## 'ing'

- Ag tabhairt (fógra) / giving an announcement
- Á ithe / eating

## Gramadach

- Páirt a ghlacadh / to take part
- Idir mhúinteoirí agus dhaltaí / both teachers and students
- Reachtáltar / is held – Briathar Saor Aimsir Láithreach
- Halla na Scoile / Tuiseal Ginideach (possessive)… an scoil –> halla na scoile

## An Bhéaltriail

1. Cad a ndéanann tú chun cóimeád sláintiúil? / How do you stay healthy/fit?
2. An bhfuil ceaintín sa scoil seo? / Does this school have a canteen?
3. An bfhuil fadhb again sa tír seo le bia gasta? / Do we have a problem with fast food in Ireland?

studyclix.ie
makes exams easier

# Filleann an fón

## Pictiúr 1




- Tráthnóna amháin téann ceathrar cara; Máire, Seán, Siobhán agus Maidhc amach go dtí bialann Iodálach darb ainm "Pasta Blasta" chun breithlá Seán a chéiliúradh.
  One evening, 4 friends; Máire, Seán, Siobhán and Maidhc all go to a restaurant called "Pasta Blasta" to celebrate Seán's birthday.
- Cuireann an freastalaí fáilte rompu agus taispeánann sé a mbord dóibh.
  The waiter welcomes them and show them their table.
- Tá sé in aice na fuinneoige agus tá radharc álainn acu.
  It's next to the window and they have a lovely view.

## Pictiúr 2




- I bpictiúr a 2, tá an grúpa ag féachaint ar an mbiachlár, ag déanamh iarrachta rud éigin ón liosta fada a phiocadh chun ithe.
  The group is looking at the menu, trying to pick something to eat from the long list.
- Is léir gur bialann Iodálach í mar go bhfuil an-chuid grianghraf den tír ar an mballa.
  It's clear it's an Italian restaurant because there are a lot of pictures of the country on the wall.
- Tá sladmhargadh ar siúl sa bhialann don deireadh seachtaine ina bhfuil pasta na Róimhe ar díol ar phraghas íseal.
  There's a sale on in the restaurant for the weekend where roman pasta is on sale for a low price.
- Le heireaball a shúl, feiceann Seán fón póca atá fágtha ina dhiaidh ag duine éigin.
  From the corner of his eye, Seán sees a mobile phone that someone left behind.

## Pictiúr 3




- Piocann Seán an fón póca suas agus téann sé suas go dtí an fhreastalaí chun an scéal a mhíniú.
  Seán picks up the phone and goes to up to the waiter to explain the story.
- "Bhí fón póca fágtha ar an úrlár in aice liom" arsa Seán, "Is dócha go bhfuil sé caillte ag duine éigin agus go bhfuil sé á lorg anois".
  "There was a phone left on the floor beside me" says Seán, "I suppose someone has lost it and is now looking for it".
- Gabhann an freastalaí buíochas le Seán as ucht a mhacántachta, agus filleann Seán ar ais ar an mbord arís.
  The waiter thanks Seán for his honesty and Seán goes back to the table again.
- Coimeádann an freastalaí an fón in áit sábháilte ar feadh tamaill.
  The waiter keeps the phone in a safe place for a while.

## Filleann an Fón (cont'd)

### Pictiúr 4




- Sa phictiúr seo, tá an bia tagtha go dtí an bord agus tá an cheathrar acu ag baint an-taitnimh as an mbéile.
  In this picture, the food has come to the table and the 4 are really enjoying the meal.
- Tá píotsa, pasta, uisce agus deoch bolgánach i measc na rudaí blasta atá á n-ithe agus á n-ól acu. Ní raibh an béile daor agus tá sé an-bhlasta, dar leo.
  Pizza, pasta, water and a fizzy drink are among some of the things being eating and drank. The meal wasn't dear and it's very tasty, according to them.
- In áit éigin eile, feicimid úinéir an fhóin agus é cráite amach faoina fhón. Níl clú dá laghad aige cár fhág sé é.
  Somewhere else, we see the owner of the phone worried sick about his phone. He hasn't a clue where he left it.
- Beartaíonn sé filleadh ar ais ar an mbialann chun féachaint ar fhág sé ann é.
  He decides to go back to the restaurant to see did he leave it there.

### Pictiúr 5




- Sroicheann úinéir an fhóin an bhialann agus faigheann sé a fhón ar ais. Tá an t-ádh dearg leis !
  The owner of the phone reaches the restaurant and he gets his phone back. He's very lucky!
- Gabhann sé buíochas ollmhór le Seán agus deir sé go raibh sé an-bhuartha faoina fhón mar bíonn sé ag teastáil uaidh i gconaí.
  He thanks Seán greatly and says that he was very worried about his phone because he always needs it.
- Tá Seán sásta leis féin go ndearna sé an rud ceart.
  Seán is happy with himself that he did the right thing.

### Pictiúr 6




- I bpictiúr a sé, tugann úinéir an fhóin fiche euro don fhreastalaí chun íoc as milseog an duine don cheathrar a chabhraigh leis.
  In picture 6, the owner of the phone gives €20 to the waiter to pay for a dessert per person for the 4 that helped him.
- Tagann an freastalaí chuig an mbord le ceithre ghloine lán le huachtar reoite; ceann amháin an duine.
  The waiter comes to the table with 4 glasses full of ice cream; one per person.
- Tá ríméad ar an gceathrar. Ní raibh siad ag súil leis sin, abhair iontais iontach a bhí ann.
  The 4 are thrilled. They weren't expecting that, it was a great surprise.
- Baineann siad sult as an gcuid eile den oíche. Is léir gur fiú an rud ceart agus an rud macánta a dhéanamh i gcónaí.
  They enjoy the rest of the night. It's clear it's always worth doing the right and honest thing.

Filleann an Fón (cont'd)

## Ceisteanna

- Cén milseog a fhaigheann siad i bpic a 6? / What dessert do they get in pic 6?
- Cén sórt bialainne í? / What kind of restaurant is it?
- Conas a mhothaíonn úinéir an fhóin i bpic a 4? / How does the owner of the phone feel in pic 4?

## Foclóir A-Z

- Grianghraf / picture
- Sladmhargadh / sale
- Le heireaball a shúl / in/from the corner of his eye
- Freastalaí / waiter
- Macántacht / honesty
- Deoch bolgánach / fizzy drink
- Daor / expensive
- Úinéir / owner
- Milseog / dessert
- Cráite amach faoi / worried sick about

## 'ing'

- Ag déanamh iarrachta / trying
- Ag teastáil / needing/needed
- Ag íoc as / paying for

## Gramadach


- Ceathrar cara / 4 friends; when it's people, you say "ceathrar" rather than "ceithre".
- An-c***h***uid grianghraf / "an-chuid" = a lot. An-/ana always takes a séimhiú (h).
- Úinéir an fhóin / Tuiseal Ginideach… owner *of the* phone (possessive/ownership)… fón = fhóin
- An ***t***-ádh / When followed by the article "an", a masculine word beginning with a vowel always takes a *t*-.

## An Bhéaltriail

35. Cén bia is fearr leat? / What is your favourite food?
36. An bfhuil bialanna deasa anseo i do cheantar? / Are there any nice restaurants here in your area?
37. An dtéann tú amach go dtí bialanna go minic? / Do you go out to restaurants often?
38. Ar chaill tú d'fhón póca riamh? / Did you ever lose your phone?
39. An bhfuair tú ar ais é? / Did you get it back?


# Gadaíocht ar an Traein

## Pictiúr 1




- I bpictiúr a haon, feicimid deirfiúracha, Máire agus Lisa ag an stáisiún traenach i mBaile Átha Cliath.
  In picture 1, we see sisters, Máire and Lisa at the train station in Dublin.
- Tá traein amháin ag dul i dtreo Corcaigh agus tá traein eile ag dul i dtreo na Gaillimhe.
  One train is going in the direction of Cork and the other train is going in the direction of Galway.
- Tá Máire agus Lisa ag dul go Gaillimh don deireadh seachtaine.
  Máire and Lisa are going to Galway for the weekend.
- Fágann a dtuismitheoirí slán leo agus guíonn siad ádh orthu. Feicfidh siad a gcéile arís ar an Luain.
  Their parents say goodbye and wish them luck. They will see each other again on Monday.

## Pictiúr 2



- Sa dara pictiúr, tá Máire agus Lisa ina suí sa traein.
  In the second picture, Máire and Lisa are sitting in the train.
- Tá Máire ag léamh leabhair agus tá Lisa ag úsáid a ríomhaire. Tá siad ag comhrá lena gcéile ag an am céanna.
  Máire is reading a book and Lisa is using her computer. They are chatting with each other at the same time.
- Sa chúinne, feictear fear ina chodladh. Tá sé ag caitheamh spéaclaí gréine.
  In the corner, we see a man sleeping. He is wearing sunglasses.

## Pictiúr 3



- Tar éis cúpla nóiméad, titeann Lisa ina codladh.
  After a couple of minutes, Lisa falls asleep.
- Mar sin, níl sí ag faire ar a sparán atá fágtha go neamhchúiseach ar an mbord.
  Therefore, she isn't watching her purse, which is left carelessly on the table.
- Go ciúin agus go discréideach, goideann an fear leis na spéaclaí gréine an sparán i ngan fhios do na cailíní.
  Quietly and discretely, the man with the sunglasses steals the purse without the girls knowing.

## Gadaíocht ar an Traein (cont'd)

## Pictiúr 4




- Nuair a dhúisíonn na cailíní, tá an gadaí imithe.
  When the girls wake up, the thief is gone.
- Feiceann siad go bfhuil an sparán ar strae.
  They see that the purse is missing.
- Tá ionadh agus eagla ar Lisa, tá rudaí luachmhara aici istigh ann.
  Lisa is shocked and scared, she has valuable things in it.
- Déanann Máire iarracht teacht ar an sparán. Molann sí do Lisa féachaint timpeall na traenach, sa chás gur thit sé in áit éigin.
  Máire tries to find the purse. She suggests to Lisa to look around the train, in case it fell somewhere.

## Pictiúr 5




- Nuair is léir nách bhfuil an spáran in aon áit, ritheann na cailíní suas chuig an gcigire chun tuairisc a dhéanamh ar an robáil.
  When it's clear that the purse isn't anywhere in sight, the girls run up to the inspector to report the robbery.
- Iarrann an cigire ar na cailíní cur síos a dhéanamh ar an bhfear a bhí ina shuí in aice leo agus ar an sparán chomh maith.
  The inspector asks the girls to describe the man that was sitting next to them as well as the purse.
- Cuireann an cigire glaoch ar an gcigire eile atá ag an stáisiún traenach i nGaillimh.
  The inspector calls the other inspector that's at the train station in Galway.
- Deir sé leis cinntiú go bhfuil Gardaí ag fanacht ag an stáisiún nuair a shroicheann an traein ann agus déanann sé cur síos ar an ngadaí ionas go mbeidh siad in ann é a aithint.
  He tells him to make sure there are Gardaí waiting at the station when the train arrives and he describes the thief so tha they will be able to recognise him.

## Pictiúr 6




- Sa phictiúr deireanach, sroicheann an traein stáisiún na Gaillimhe agus beireann na gardaí ar an ngadaí lom láithreach.
  In the last picture, the train reaches Galway station and the Gardaí catch the thief straight away.
- Faigheann siad an sparán ar ais uaidh agus tugann garda amháin do Lisa é.
  They get the purse back from him and one garda gives it to Lisa.
- Gabhann Lisa mile buíochas leis an ngarda. Tá an t-ádh dearg léí go raibh siad in ann é a shábháil.
  Lisa thanks the garda. She's very lucky that they were able to save it.
- Gan dabht, beidh sí níos cúramaí an chéad uair eile!
  Without doubt, she will be more careful the next time!

studyclix.ie makes exams easier

Gadaíocht ar an Traein (cont'd)

## Ceisteanna

- Cén treo ina bhfuil na cailíní ag dul sa chéad phictiúr? / What direction are the girls going in the first picture?
- Cad atá ar siúl ag na cailíní I bpictiúr a 2? / What are the girls doing in pic 2?
- Cé a rug ar an ngadaí sa phictiúr deireanach? / Who caught the thief in the last picture?

## Foclóir A-Z

- Stáisiún traenach / train station
- I dtreo / in the direction of
- Sparán / purse
- Discréideach / discreetly
- Cigire / inspector
- Ar strae / missing/lost
- Ádh / luck
- Cur síos / description
- Ionas / so that
- I ngan fhios (do) / without (someone) knowing

## 'ing'

- Ag léamh / reading
- Ag úsáid / using
- Ag dul / going

## Gramadach

- Staisiún traenach / Tuiseal Ginideach… Traein = traenach
- Gan f**h**ios / "Gan" is one of the prepositions which puts a séimhiú (h) on the following word.
- Molann sí **do** Lisa / Mol + do
- Guíonn siad ádh **orthu** / Guí ádh + ar

## An Bhéaltriail

51. An mbíonn tú ag taisteal go rialta? / Do you travel often?
52. An úsáideann tú an traein go rialta? / Do you use the train often?
53. Cad a dhéanfá dá ngoidfeadh duine éigin do sparán? / What would you do if someone stole your purse?
54. Cad a dhéanann tú nuair a bhíonn leadrán ort? / What do you do when you're bored?

studyclix.ie
makes exams easier

# Turas Scoile

## Pictiúr 1




- I bpictiúr a haon, tá tionól ar siúl i gColáiste Eoin.
  In picture 1 assembly is underway in Coláiste Eoin
- Is é an t-ábhar atá á phlé ag an bpríomhoide leis na daltaí ná an turas scoile bliantúil.
  The topic the principal is discussing with the students is the annual school tour
- Tá roinnt moltaí ag na daltaí – turas go Páras, turas go dtí an Róimh nó b'fheidir turas sciála um Nollag ina measc.
  The students have a few suggestions – a trip to Paris / Rome or a ski trip at Christmas
- Meabhraíonn an príomhoide dóibh áfach go bhfuil sé iontach costasach dul thar lear.
  The principal reminds them however that it's very costly to go abroad
- Mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta, socraíonn siad fanacht in Eirinn i mbliana agus dul chuig campa eactraíochta.
  Because of the Economic recession they decide to stay in Ireland and go to an adventure centre

## Pictiúr 2




- Ní fada go bhfuil na daltaí ag a gceann scríbe – Campa Eactraíochta Chonamara.
  It's not long until the students are at their destination – Connemara Adventure Centre
- Tá lóistín na gcailíní ar thaobh amháin den chlós agus tá na buachaillí ag fanacht ar an taobh eile.
  The girls' accommodation is on one side of the yard and the boys are staying on the other side
- Tá beirt mhúinteoir ina dteannta chun súil ghéar a chóimead orthu dár ndoigh.
  There are 2 teachers with them to keep a close eye on them of course.
- Tá gach éinne ag súil le clár maith imeachtaí.
  Everyone is looking forward to a good programme of events

## Pictiúr 3



- Cuirtear réimse leathan imeachtaí faoin aeir ar fáil do na daltaí – rothaíocht, surfáil, curachadóireacht, treodóireacht, dreapadóireacht, lúthchleasaíocht
  A wide range of outdoor activities are provided for the students – cycling, surfing, kayaking, orienteering, rock climbing and athletics
- Ní call a rá nach mbeidh nóiméad le spáráil ag na daltaí!
  It goes without saying that they won't have a free minute


## Turas Scoile cont'd

### Pictiúr 4





- Sa phictiúr seo, tá cúrsa rianadóireachta ar siúl ag na daltaí.
  The students are doing an orienteering course
- Ní mór do bhuachaill bocht amhain siúl tríd an uisce préachta mar chuid den chúrsa.
  One poor boy has to walk through the freezing water as part of the course
- Feicimid na daltaí eile ag screadaíl in ard a gicnn is a ngutha, ag tabhairt tacaíocht dó
  We see the other students screaming at the top of their voices, giving him support

### Pictiúr 5



- San oíche, bailíonn na daltaí le chéile chun ceol agus craic a bheith acu At nighttime, the students gather together for some music and fun
- Tá giotár ag buachaill amháin agus neart amhrán ina chnuasach aige. One boy has a guitar and a big collection of songs
- Tá cailín eile ar an mbodhrán agus cé go bhfuil siad go leir spíonta caite canann siad na hamhráin go léir le chéile.
  Another girl is on the bodhrán and even though they're wrecked tired, they sing all the songs together
- Is iontach an deis í a scíth a ligint!
  Its a wonderful opportunity to relax

### Pictiúr 6




- Sa phictiúr deireanach, cuireann príomhoide na scoile fáilte chroíúil roimh na daltái ar a dteacht abhaile dóibh.
  the principal warmly welcomes back the students on their return home.
- Deir siad leis gur bhain siad taitneamh agus tairbhe as an turas agus go bhfuil siad anois traochta!
  They tell him they hugely enjoyed the trip and that they're exhausted now!
- Gabhann siad buíochas leis na múinteoirí a d'eagraigh an turas , ag rá leo go raibh sé i bhfad níos fearr ná turas go Páras!!
  They thank the teachers who organised the trip, telling them that it was far better than a trip to Paris!

studyclix.ie
makes exams easier

Turas Scoile cont'd

## Ceisteanna

Cad atá á phle ag na daltaí agus an príomhoide i bpictiúr a haon? What are the students and principal discussing in P1

Céard iad na himeachtaí atá ar siúl i bPictiúr a trí What activities are going on in P3

Cad iad na huirlisí ceoil atá le feiceáil i bpictiúr a cúig? What instruments can be seen in P5

## Pointí Gramadaí

- Lóistín na gcailíní – ainmfhocal sa tuiseal ginideach uimhir iolra
- Neart / go leor / an-chuid = a lot of
- Fáilte a chur roimh = to welcome
- Is iontach an deis í = it's a wonderful opportunity

studyclix.ie
makes exams easier

# Obair dhian: torthaí maithe san Ardteistiméireacht

## Pictiúr 1




- Sa phictiúr seo, feicimid Síle in oifig an Máistir Ó Ceallaigh, an comhairleoir gairmthreorach

  We see Síle in the guidance counsellor's office.

- Tá siad ag plé cúrsaí ollscoile.

  They are discussing university courses.


- Tá suim ag Síle sa cheimic agus tá sí ag lorg eolais maidir le cúrsa amháin i nGaillimh.

  Síle's interested in chemistry and she's looking for information regarding a course in Galway.

- Dar leis an Uasal Ó Murchú, ní mór di obair dhian a dhéanamh toisc go bhfuil ceithre chéad pointe ag teastáil uaithi chun an cúrsa a fháil

  According to Mr Ó Murchú, she must work hard as she needs 400 points to get the course.

## Pictiúr 2




- I bpictiúr a dó, feicimid Síle agus Siobhán i gclós na scoile.

  We see Síle and Siobhan in the school yard.

- Taobh thiar díobh, tá beirt bhuachaill ag imirt cispheile.

  Behind them, there's 2 boys playing basketball.

- Tugann Siobhan cuireadh do Shíle dul chuig an dioscó an oíche sin ach níl fonn ar Shíle dul ann toisc go bhfuil an iomarca obair bhaile aici.

  Siobhán invites Síle to go to the disco that night but Síle doesn't want to go as she has too much homework.

## Pictiúr 3




- I bpictiúr a trí, faigheann Síle glaoch óna cara, Seán.

  Sile gets a call from her friend seán

- Iarrann sé uirthi dul go dtí an phictiúrlann an oíche sin.

  He asks her if she'd like to go to the cinema that night

- Dar leis, tá scannán iontach ar siúl sa Savoy, ag tosú ar a hocht a chlog.

  According to him, there's a great film on in the Savoy, starting at 8

- Deir Síle go bhfuil brón uirthi ach ní feidir leí dul toisc go bhfuil aiste le scríobh aici

  Síle says she's sorry but she can't go as she has an essay to write.

studyclix.ie
makes exams easier

## Obair dhian: torthaí maithe san Ardteistiméireacht (cont'd)

### Pictiúr 4




- Sa phictiúr seo, feicimid Síle ag staidéar ina seomra codlata. Is léir go bhfuil sí ag obair go dian dícheallach.

  We see Síle studying in her bedroom. It's clear that she's working really hard.

- Ansin, feicimid tuismitheoirí Shíle ag ól cupáin tae sa chistin.

  Then, we see her parents having a cup of tea in the kitchen

- Deir athair Shíle go bhfuil sé buartha fuithi. Dar leis, tá sos ag teastáil uaithi ón staidéar agus ba chóir di dul amach san aer úr

  Her father says he's worried about her. According to him, she needs a break and she should go out into the fresh air.

- Dar lena máthair is cailín ciallmhar í Síle agus tá a fhios aici cad atá ar siúl aici. Is féidir léi dul amach ag an deireadh seachtaine agus níl ach cúpla mí fágtha go dtí na scrúdaithe

  Her mother reckons she's a clever girl and she knows what she's doing. She can go out at the weekends and there are only a few months left until the exams.

### Pictiúr 5




- Lá na dtorthaí atá ann.

  It's results day.

- Tá ceithre chéad caoga pointe gnóthaithe ag Síle agus tá gliondar an domhain uirthi leí féin.

  She's achieved 450 points and she's delighted with herself

- Molann clann Shíle í go hard na spéire.

  Her family praise her to the heights

- Dar le hÁine, tá a rath tuillte aici toisc go ndearna sí sár-iarracht i rith na bliana

  According to Áine, she deserves her success as she worked so hard during the year

### Pictiúr 6




- I bpictiúr a sé, tá Síle i mbun clárúcháin dá cúrsa eolaíochta in ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

  Síle is registering for her chemistry course in NUIG

- Ba bhóthar fada é di ach tá Síle iontach sásta go bhfuil sí anois ag a ceann scríbe.

  It was a long road but she's really happy that she has arrived at her destination.

# Obair dhian: torthaí maithe san Ardteistiméireacht (cont'd)

## Ceisteanna

- Cad atá ar siúl ag na buachaillí i bpictiúr a dó? / What are the boys doing in P2?
- Cén fáth nach féidir leí dul go dtí an phictiúrlann? / Why can she not go to the cinema?
- Cén chuma atá ar Shíle i bpictiúr a sé? / How does she look in P6?

## Foclóir A-Z

- Ghairmthreoir / Career Guidance
- Comhairleoir / Counsellor
- Clós / Yard
- Dícheallach / Diligent
- Úr / Fresh
- Ciallmhar / Clever
- Gnóthaithe / Earned/Worked up
- Rath / Success
- Clarúchán / Registration
- Ceann Scríbe / Destination

## 'ing'

- Ag tosú / Starting
- Ag plé / Discussing
- Ag lorg / looking/searching for

## Gramadach

- Iarr + ar = iarann sé *uirthi* – (he asks her)
- Ní mór di = She must
- Athair Shíle = Síle's father (tuiseal ginideach – possession)
- Lá na dtorthaí = day of the results = ainmfhocal sa tuiseal ginideach uimhir iolra

## An Bhéaltriail

1. An bhfuil sé ar intinn duit dul go dtí an ollscoil? / Do you plan on going to university?
2. Cad iad do phleananna tar éis an Árdteiste? / What are your plans for after the LC?
3. An dtaitníonn an staidéar leat? / Do you like studying?

studyclix.ie
makes exams easier


# Drochaimsir an Gheimhridh – Athrú Aeráide

## Pictiúr 1




- Tráthnóna amháin, casann Pól agus Áine an teilifís ar siúl agus tá clár faisnéise ar siúl darb ainm "Primetime".
  One evening, Paul and Áine turn on the television and a documentary called "Primetime" is on.
- Is é ábhar an chláir ná "athrú aeráide le gairid".
  The subject of the show is "climate change recently".
- Ceapann Áine gur fadhb chasta í agus aontaíonn Pól léi.
  Áine thinks that it's a complicated problem and Paul agrees.
- Smaoiníonn siad siar ar na geimhridh a bhí ann le déanaí.
  They think back on the recent winters.

## Pictiúr 2




- I bpictiúr a dó, feicimid geimhreadh amháin le déanaí, ina raibh sé ocht gcéim faoin reophointe.
  In picture 2, we see one recent winter where it was below freezing point at -8 degrees.
- Ba cheann de na geimhridh is fuaire in Éirinn riamh a bhí ann.
  It was one of the coldest winters recorded in Ireland.
- Bhí ar gach éinne fanacht sa teach agus bhí sé ag cur sneachta gan stad.
  Everyone had to stay inside and it was snowing non-stop.
- Bhí ar gach teaghlach níos mó airgid a chaitheamh ar bhillí teasa freisin.
  Every househould had to spend more money on heating bills as well.

## Pictiúr 3





- De bharr na dteochtaí ísle, reoigh agus phléasc píopaí uisce, ag déanamh a lán damáiste do go leor tithe.
  Because of the low temperatues, the water pipes froze and burst, doing a lot of damage to a lot of houses.
- Chun na píopaí a dheisiú, bhí ar na teaghlaigh pluiméirí a fháil. Ba chostas mór eile é, chosnaigh an bille timpeall dhá chéad euro!
  To fix the pipes, the households had to call plumbers. It was another big cost, the bill cost around 200 euro.
- Ar bharr na gcostas seo, mhéadaigh an phréimh árachais do gach teaghlach mí-ámharach a chuir an drochaimsir isteach orthu.
  On top of these costs, the insurance premium for every unfortunate household that was affected by the bad weather.

studyclix.ie
makes exams easier


## Drochaimsir an Gheimridh - Athrú Aeráide (cont'd)

### Pictiúr 4




- I bpictiúr a 4, feicimid iarmhairt eile den athrú aeráide agus drochaimsir an gheimridh.
  In picture 4, we see another repercussion of the climate change and bad winter weather.
- Geimhreadh amháin, bhí gaoth láidir ag séideadh agus mar thoradh, thit crann anuas ar ghluaisteán a bhí ag tiomáint thart.
  One winter, a strong wind was blowing and as a result, a tree fell on a car that was driving past.
- Is léir go bhfuil an t-athrú aeráide fíor-dhainséarach. Tá an t-ádh déarg le tiománaí an ghluaisteáin nár gortaíodh iad.
  It's clear that the climate change is very dangerous. The driver of the carr is lucky that they weren't hurt.

### Pictiúr 5




- In áiteanna cosúil le Corcaigh agus Baile Átha Cliath, bhí tuilte uafásacha ann.
  In places like Cork and Dublin, bad floods were there.
- I gCorcaigh, bhí ar roinnt daoine a dtithe a thréigeadh mar bhí siad scriosta ag an uisce. Bhí ar na seirbhísí éigeandála iad a chabhrú i mbáid tarrthála.
  In Cork, some people had to evacuate their houses because they were destroyed by the water. The emergency servies had to help them in life boats.
- I mBaile Átha Cliath, bhí an leibhéal uisce chomh hard is go raibh na gluaisteán a bhí ag tiomáint leath faoin uisce.
  In Dublin, the water level was so high that the cars that were driving were half under water.

### Pictiúr 6




- Sa phictiúr deireanach, feicimid an fáth le hathrú aeráide. Tá an tsraith ózóin scriosta de bharr truaillithe.
  In the last picture, we see the reason for climate change. The ozone layer is destroyed because of pollution.
- Dá bharr, tá an domhan ag téimh suas agus tá na cnapáin oighir sa Mhol Thuaidh ag leá. Má leánn an iomarca cnapán, beidh tuilleadh uisce agus mar sin, tuilleadh tuilte agus drochaimsire eile.
  Because of this, the world is heating up and the icecaps in the North Pole are melting. If too many caps melt, there will be more water and therefore more floods and other bad weather.
- Gan aon dabht, is ábhar imní é seo agus ba chóir dúinn machnamh a dhéanamh ar an bhfadhb agus conas í a réiteach.
  Without a doubt, it's a worrying subject and we should reflect on the problem and how to fix it.
- Mar fhocal scoir, deir Pól go bhfuil ár dtimpealleacht i mbaol agus tá sé in am dúinn dul i ngleic leis an bhfadhb.
  To conclude, Paul says that our environment is in danger and that it's time for us to react to the problem.

# Drochaimsir an Gheimhridh – Athrú Aeráide (cont'd)

## Ceisteanna

- Cad é iarmhairt amháin den athrú aeráide? / What is one of the repercussions of climate change?
- Cé atá le feiscint i bpictiúr a 5? / Who can be seen in picture 5?
- Cé mhéad a chosnaigh an bille i bpic a 3? / How much did the bill cost in pic 3?

## Foclóir A-Z

- Athrú aeráide/ climate change
- Clár fáisnéise / documentary
- Reophointe / freezing point
- Céim / degree
- Préimh árachais / insurance premium
- Iarmhairt / repercussion
- Tuilte / floods
- Bád tarrthála / life boat
- Sraith ózóin / ozone layer
- Cnapáin oighir / ice caps

## 'ing'

- Ag séideadh / blowing
- Ag cur sneachta / snowing
- Ag leá / melting

## Gramadach


- Mar t***h***oradh / "Mar" always puts a *séimhiú* on the following noun.
- An ***t***sraith ózóin / Feminine nouns that begin with an "s" always have a "t" before it if the article "an" is used.
- Ár ***d***timpeallacht / "Ár" (our) always puts an *urú* on the following word.
- Cnapáin oighir / Tuiseal ginideach… oighear = oighir.

## An Bhéaltriail

28. Cad a cheapann tú faoi athrú aeráide? / What do you think about climate change?
29. Cad is féidir linn a dhéanamh chun dul i ngleic leis an bhfadhb? / What can we do to deal with the problem?
30. An ndéanann tú áthchúrsáil ar scoil nó sa bhaile? / Do you recycle at home or at school?

# Timpiste sa Choláiste Samhraidh

## Pictiúr 1




- Sa phictiúr seo, tá triúr buachaill, Seán, Pól agus Eoin ar tí cúrsa Gaeilge a thosú sa Ghaeltacht.

  In this pic, 3 boys are about to start an Irish course in the Gaeltacht.
- Deir a dtuismitheoirí leo bheith cúramach, taitneamh a bhaint as an gcúrsa agus guíonn siad ádh mór orthu.

  Their parents tell them to be careful, to enjoy the course and they wish them well
- Fágann na buachaillí slán ansin lena dtuismitheoirí

  The boys then wave goodbye to their parents

## Pictiúr 2




- Cuirtear clárama gnóthach ar siúl do na daltaí.

  A busy timetable is put on for the students.
- Bíonn ranganna acu ar maidin ó leathuair tar éis a naoi go leathuair  tar éis a dódhéag.

  They have classes in the morning from 9.30 to 12.30 .
- Tar éis an lóin, bíonn cluichí páirce trá agus istigh acu go dtí leathuair tar éis a cúig

  After lunch, they have games on the beach and indoors until half 5
- Ina dhiaidh sin, filleann na daltaí ar a dtíthe lóistín le haghaidh dinnéir.

  After that, the students return to their accommodation for dinner
- San oíche, eagraítear céilí nó seó tallainne.

  At nightime, a céilí or talent show is organised
- Faoi dheireadh, glaotar an rolla sna títhe ag leathuair tar éis a deich.

  Finally the roll is called in the houses at 10.30

## Pictiúr 3




- Le linn cluiche peile ar an trá, gortaíonn Seán a chos go dona.

  During a football match on the beach, Seán injures his leg badly
- Is léir go bhfuil sé i bpian uafásach agus é ag screadaíl in árd a chinn is a ghutha.

  It's clear that he's in terrible pain and he's screaming at the top of his voice

## Timpiste sa Choláiste Samhraidh (cont'd)

### Pictiúr 4




- Cuireann duine de na múinteoirí Seán sa charr.


  One of the teachers puts Seán in the car
- Is ar éigean atá sé in ann siúl.

  He's hardly able to walk
- Tá trua ag na múinteoirí eile do Sheán mar go bhfuil dúil mhór aige i spórt.

  The teachers have great pity for Seán as he's mad into sport.
- Iarrann siad ar an múinteoir glaoch a chur orthu ón ospidéal atá 50 míle ón gcoláiste.

  They ask the teacher to call them from the hospital that's 50 miles from the college

### Pictiúr 5




- San ospidéal, tá dea-scéal ag an dochtúir agus é tar éis cos Sheáin a scrúdú.

  In the hospital, the doctor has good news after examining Seán's foot
- Nil sé briste ach beidh air maidí coise a úsáid ar feadh tamaillín.

  It's not broken but he'll have to use crutches for a while
- Ba cheart go mbeadh biseach air i gceann seachtaine.

  He should be better in a week
- Glaonn an múinteoir ar mháthair Sheáin chun í a chur ar a suaimhneas

  The teacher calls Seán's mother to put her at ease

### Pictiúr 6




- Ag fiche tar éis a deich, filleann Seán ar an gcoláiste agus tá an céilí faoi lán seoil.

  At twenty past 10, Seán returns to the college and the céilí is in full swing
- Dar ndóigh, ní féidir leis páirt a ghlacadh sa spórt agus spraoi ach cuireann gach duine fáilte chroíúil roimhe.

  Of course, he can't take part in the fun but everyone welcomes him back warmly
- Gan amhras, tá faoiseamh ar gach duine go bhfuil Seán ar ais slán sábháilte.

  Without doubt, everyone is relieved that Seán is back safely

# Timpiste sa Choláiste Samhraidh (cont'd)

## Ceisteanna

- Cad atá ar siúl ag na buachaillí i bpictiúr a haon? / What are the boys doing?
- Cén t-am a chríochnaíonn na ranganna? / What time does the class finish?
- Cén dea-scéal atá ag an dochtúir? / What good news does the doctor have?

## Foclóir A-Z

- Slán a fhágaint le… / To say goodbye to
- Clárama / timetable
- Lóistín / accommodation
- Seo tallainne / talent show
- in árd a chinn is a ghutha / at the top of his voice
- Trua / Pity
- Dúil / love
- Maidí coise / crutches
- Chur ar suaimhneas / put at ease
- Faoiseamh / relief

## 'ing'

- Ag screadaíl / screaming

## Gramadach


- Eagra**ítear** = is/are organised - An Briathar Saor (Aimsir Láithreach)
- Ba cheart go mbeadh = should be
- Fáilte a chur **roimh** = to welcome
- Cos S**h**eá**i**n = Seán's foot (Sean -> Sheáin / An Tuiseal Ginideach)

## An Bhéaltriail

1. An raibh tú riamh i gcoláiste samhraidh? / Were you ever in a summer college?
2. An imríonn tu spórt? / Do you play sport?
3. An bhfuil pleananna agat don samhradh? / Do you have plans for the summer?

# Bua sa chomórtas díospóireachta

## Pictiúr 1




- Sa phictiúr seo, tá Seán, Máire agus Eoin ag breathnú ar fhógra do dhíospóireacht ghaeilge a bheidh ar siúl ar scoil go luath.
  Seán, Máire and Eoin are looking at an ad for an Irish debate which will be held soon at school.
- Dar leis an bhfógra, tá duaiseanna maithe le buachan agus socraíonn an triúr acu foireann a chur le chéile agus páirt a ghlacadh sa díospóireacht.
  According to the ad, there are good prizes to be won and the 3 of them decide to put a team together and take part in the debate

## Pictiúr 2




- Sa phictiúr seo, tá an diospóireacht faoi lán seoil.
  The debate is in full swing
- Feicimid scoil Mhuire ag tabhairt aghaidh ar scoil Pheadair agus tá slua maith i láthair ag tabhairt tacaíochta don dá fhoireann.
  We see scoil mhuire facing scoil pheadair and there's a good crowd in attendance supporting the 2 teams

## Pictiúr 3




- Sa phictiúr seo, tá Seán i mbun díospóireachta agus is é an rún atá á phlé aige ná "Níl aon leigheas i ndán don tír seo".
  Séan is debating and the motion he's discussing is that "The country is not going to get better"
- Tá Seán ag labhairt ar son an rúin agus is léir go bhfuil na moltóirí ag éisteacht go géar lena chuid argóintí.
  Seán is speaking in favour of the motion and it's clear that the adjudicators are listening carefully to his arguments

studyclix.ie
makes exams easier

## Bua sa chomórtas díospóireachta cont'd

### Pictiúr 4




- Tar éis an-chuid machnaimh a dhéanamh, fógraíonn an príomhmholtóir go bhfuil an diospóireacht buaite ag scoil Pheadair.
  After much deliberations, the head judge announces that scoil Pheadair have won the debate
- Déanann sé comhghairdeas leis an bhfoireann agus tá gliondar an domhain orthu, ní call a rá
  He congratulates the team and they're thrilled, it goes without saying

### Pictiúr 5




- Sa phictiúr seo, bronntar corn chomh maith le seic dhá mhíle euro ar fhoireann scoil Pheadair.
  Scoil Pheadair are presented with a trophy and a cheque for 2,000 euro
- Is follas go bhfuil siad iontach bródúil astu féin agus an-sásta leis an duais mhór seo
  It's obvious that they're really proud of themselves and very happy with the big prize

### Pictiúr 6



- Sa phictiúr seo, téann an triúr dalta amach go bialann ghalánta le haghaidh béile deas chun an bua a cheiliúradh.
  The 3 students go out to a fancy restaurant for a nice meal to celebrate the win
- Feicimid an corn fós i lámh Sheáin.
  We see that Seán still has the trophy in his hand
- Tá duine de na moltóirí i dteannta leo agus tá an chuma orthu go bhfuil siad iontach sásta leo féin.
  One of the judges is with them and they look like they're very happy with themselves

studyclix.ie
makes exams easier

Bua sa chomórtas díospóireachta cont'd

## Ceisteanna

Cad é an rún atá á phlé sa díospóireacht? / What is the motion being discussed?

Cé mhéad airgead atá buaite ag an bhfoireann? / How much money have the team won?

Cad atá á ithe ag na daltaí i bpictiúr a sé? / What are the students eating in P6?

## Foclóir A-Z

- Bialann ghalánta fem beile deas masc – *Cuirtear "h" ar aidiacht bhaininscneach*
- Duaiseanna maithe - *aidiacht san uimhir iolra plural adjective*
- Comhairgeadas a dhéanamh le – to congratulate someone
- Duine de na moltóirí – one of the judges

# Ag Campáil Cois Farraige

## Pictiúr 1





- I bpictiúr a haon, an dara lá is fiche de Mheitheamh atá ann. Don té nach eol dó a mhalairt, is é seo lá deireanach na hArdteiste.
  In picture 1, we see a calendar with a big circle around the date – it is the 22nd of June. For those who don't know, this is the last day of the leaving cert.
- Tá beirt bhuachaill, Eamon agus Brían, díreach tar éis na scrúdaithe a chríochnú, agus fiafraíonn siad an bhfuil cead acú dul ag campáil cois trá i Loch Garman don deireadh seachtaine.
  Two boys, Eamon and Brian have just finished the exams, and they ask if they are allowed to go camping by the beach in Loch Garman for the weekend.
- Measann Mamaí gur smaoineamh maith é seo, agus go ndéanfadh sé maitheas dóibh dearmad a dhéanamh ar ualach na hArdteiste. Ní feidir a shéanadh go bhfuil briseadh tuillte acu!
  Mamaí thinks this is a ood idea, and that it would do them good to forget about the burden of the leaving cert. you can't deny that they deserve a break!

## Pictiúr 2




- Sroicheann na buachaillí a gceann scríbe roimh mheánlae. Tá an t-ionad campála bunaithe ag suíomh an-áisiúil agus tá radharc álainn ag an mbeirt. Is féidir leo báid seoil a fheiceáil san fharraige.
  The boys reach their destination before midday. The camping site is based in a very convenient location and the pair have a lovely view. They can see sailing boats in the sea.
- Tá an ghrian ag scoilteadh na gcloch fad is a tá na buachaillí ag socrú an phubaill. Tá siad lán sásta leis toisc go bhfuil sé an-chompórdach.
  The sun is splitting the rocks while the boys set up the tent. They are pleased with is as it is very comfortable.
- Tá an bheirt ag baint taitnimh as an tsaoirse tar éis an staidéir ar fad – is faoiseamh mór é!
  The two are enjoying the freedom after all the studying – it's a great relief!

## Pictiúr 3



- I bpictiúr a trí, tá Eamon agus Brían ag griandathú cois trá. Tá siad ag tapú deise, mar is annamh a bhíonn lá chomh deas sin againn sa tír seo s'againne!
  In picture 3, Eamon and Brian are tanning on the beach. They are taking advantage of the opportunity, because it is rare that we get such a nice day in this country!
- I bhfaiteadh na súl, tagann seal fearthainne, agus ritheann an bheirt i dtreo an phubaill.
  In the blink of an eye, a rain shower appears and the two run towards the tent.
- Usáideann Brían a tuáille chun an leabhar a bhí á léamh aige a chosaint ón mbáisteach.
  Brian uses his towel to protect the book he had been reading from the rain.

## Ag Campáil Cois Farraige (cont'd)

### Pictiúr 4



- Faraor, nuair a shroicheann na buachaillí an puball, tá sé leagtha ag an ngaoth! Tuigeann siad anois an seanfhocal "ní bhíonn in aon rud ach seal!"
  Unfotunately, when the boys reach the tent, the wind has knocked it down. Now they understand the saying that everything is temporary!
- Tá scamaill dhubha ag bagairt ós a gcionn agus tá crann ag lúbadh de dheasca na gaoithe.
  There are black clouds threatening above, and a tree is bending because of the wind.
- Tá na buachaillí i gcruachás ceart – agus fliuch go craiceann mar bharr ar an donas!
  The boys are in a bad situation – and soaking wet too!

### Pictiúr 5




- Níl rogha eile acu ach glao a chur ar a dtuistí. Insíonn Eamon an scéal dá athair.
  They have no other choice but to call their parents. Eamon tells the story to his father…
- Tá athair Éamoin an-chabhrach. Deir sé leo go bhfuil óstán deas in aice láimhe agus go bhfuil aithne aige ar an mbainisteoir.
  Eamons Dad is very helpful. He tells them that theres a nice hotel at hand and that he knows the manager.
- Buíochas le Dia, tá áit acu le fanacht anois. Cuireann Daid glao ar a chara agus cuireann sé seomra in áireamh dóibh. Tá díomá orthu faoin gcampáil ach tá an t-ádh leo faoin óstán!
  Thank God they have a place to stay now. Dad calls his friend and reserves a room for them. They are disappointed about the camping but lucky to have the hotel!

### Pictiúr 6




- Sa phictiúr deireanach, tá an bheirt suite chun boird in Óstán na Faille. Tá béile te á ithe acu, agus tá siad tirim anois.
  In the last picture, the two are sitting at a table in Óstán na Faille. They are eating a hot meal and they are dry now.
- Tá meangadh gáire orthu, agus tagann an seanfhocal, 'Is olc an ghaoth nach séideann do dhuine éigin' chun cuimhne.
  They're both smiling and the saying 'it's an ill wind that blows no good' comes to mind.
- Murach an stoirm, ní bheadh siad ag fanacht in óstán sofaisticiúil! Is cinnte nach ndéanfadh siad dearmad ar an turas seo go deo.
  without the storm, the wouldn't be staying in a sophisticated hotel. It is certain that they wouldn't ever forget this trip.

# Ag Campáil Cois Farraige(cont'd)

## Ceisteanna

- Cén data atá ann i bpictiúir a haon? / What date is it in Picture 1?
- Cad atá á dhéanamh ag na buachaillí i bpictiúr a trí? / What are the boys doing in picture 3?
- Cad a tharla don phuball i bpictiúr a ceathair? / What happened to the tent in picture 4?

## Foclóir A-Z

- Féilire / calendar
- Fiafraigh / Ask
- Ualach/ Burden
- Puball / Tent
- Báid seoil/ yachts
- Annamh / rare
- Seal fhearthainne / rain shower
- Ag lúbadh / bending

## 'ing'

- Ag griandathú / tanning/sun-bathing
- Ag bagairt / threatening
- Ag tapú deise / taking advantage

## Gramadach


- Ualach na hardteiste / Tuiseal Ginideach; an ardteist = na hardteiste
- Seal fearthainne / Tuiseal Ginideach; an fearthainn = seal fearthainne
- A gceann scríbe / Aidiacht shealbhach a **g**ceann (iolrach)
- An t-ionad campála / Urú (t) on the "ionad" because "ionad" is masculine

## An Bhéaltriail

1. An ndeachaigh tú ag campáil riamh? / Have you ever been camping?
2. An bhfuil tú ag déanamh aon rud tar éis na hArdteiste? / Are you doing anything after the leaving cert?
3. Conas a ligeann tú do scíth?/ How do you relax/ what do you do to relax?


# Comhoibriú an Phobail

## Pictiúr 1




- I bpictiúr a haon feicimid beirt chailín i dteannta a chéile ar shráid truallaithe.
  In picture 1, we see 2 girls standing together on a polluted street.
- Tá an áit bun ós cionn – tá na boscaí bruscair ag cur thar maoil agus tá bruscar caite ar fud na háite.
  The place is a mess – the bins are overflowing and there is litter thrown everywhere.
- Deir Máire go bhfuil cuma dhéistineach ar an sráid, agus aontaíonn Siobhán lei. Caithfear feabhas a chur ar chuma na háite gan dabht.
  Máire says that the street looks disgusting, and Siobhán agrees with her. The look of the place needs to be improved, without a doubt.

## Pictiúr 2




- An lá dár gcionn, eagraíonn Máire cruinniú Chomhairle an Phobail chun an fhadhb a phlé.
  The next day, Máire organizes a meeting with the council to discuss the problem.
- Cuireann sí béim ar thábhacht na timpeallachta agus na dualgais atá acu mar shaoránaigh. Eagraíonn siad glantachán poiblí don deireadh seachtaine.
  She emphasizes the importance of the environment and the responsibility that they have as citizens. They organize a public clean-up for the weekend.
- Fadhb eile a thagann chun solais ná saol sóisialta an bhaile. Tá easpa acmhainní ina cnámh spairne.
  Another problem that comes to light is the social life in the town. The lack of resources is a bone of contention.

## Pictiúr 3




- I bpictiúr a trí, feicimid an glantachán faoi lán seoil. Tá cuma i bhfad Éireann níos fearr ar an áit ina dhiaidh.
  In picture 3, we see the clean-up underway. The place looks a lot better afterwards.
- Bailíonn na hoibrithe deonacha an bruscar ar fad i málaí móra dubha. Tá bibeanna lonracha orthu.
  The volunteers collect all of the rubbish in big black bags. They have high-vis vests on.
- Ba bheag nách raibh muintir na háite in ann an tsráid a aithint! Mar a deir an seanfhocal, ní neart go cur le chéile.
  The people almost didn't recognize the place! As the saying goes, many hands make light work.

Comhoibriú an Phobail (cont'd)

Pictiúr 4




- Chomh maith leis an nglantachán, cuirtear béim ar thimpeallacht sóisialta an bhaile.
  As well as the clean-up, an emphasis is put on the social environment of the town.
- Gach Luan cuirtear ceolchoirm bheag ar siúl i gcomhair seanóirí an bhaile mar shiamsaíocht. Glacann amhránaí páirt ann go deonach. Baineann an lucht féachana an-sult as.
  Every Monday a small concert is put on for the elderly people in town as entertainment. Musicians take part voluntarily.  The audience really enjoys it.
- Uair in aghaidh na míosa bíonn cruinniú maidir le „Pobal ar Aire". Labhraíonn Garda faoi na fadhbanna sa cheantar agus bíonn deis ag an bpobal ceisteanna a chur. Bíonn slua mhór ann de shíor.
  Once a month there is a meeting regarding the new 'Neighbourhood watch' system. A garda brings up any issues in the area and the public are given a chance to ask questions. There is always a large crowd there.

Pictiúr 5




- I bpictiúr a cúig, feicimid roinnt ranganna oíche éagsúla a reachtálann halla an phobail.
  In picture 5, we see some night classes which the town hall organises..
- Bíonn ranganna cócaireachta, ranganna ríomhaireachta agus fiú ranganna garraíodóireachta ar siúl. Is áis iontach í.
  There are cooking classes, computer classes and even gardening classes on. It's an excellent facility.
- Is léir go bhfuil éileamh ar na ranganna seo mar freastalaíonn idir fhir agus mhná orthú.
  It's clear that there is demand for these classes, as both men and women attend them,
- Ag deireadh an lae, is maith le daoine a scíth a ligint agus scileanna nua a fhoghlaim, chomh maith le cairde nua a dhéanamh.
  At the end of the day, people enjoy relaxing and learning new skills as well as making new friends.

Pictiúr 6




- Sa phictiúr deireanach, bronntar seic ar luach dhá mhíle cúig chéad euro ar an mbaile as ucht an dul chun cinn atá déanta acu le déanaí.
  In the last picture, the town is awarded a cheque to the value of two thousand five hundred euro for their recent improvement.
- Is mór an onóir é seo, agus is cinnte go bhfuil a rath tuillte acu. Freisin bronntar corn orthu leis an inscríbhínn 'An baile beag is mó feabhas' air.
  This is a great honour, and it is certain that they have earned their success. They are also awarded with a trophy with the inscription 'most improved small town' on it.
- Déanann na heagrathóirí comhghairdeas leo, agus molann siad dóibh leanacht ar aghaidh lena a gcuid oibre. Tús maith, leath na hoibre!
  The organisers congratulate them, and advise them to keep up the good work.A good start is half the work!

# Comhoibriú an Phobail (cont'd)

## Ceisteanna

- Cén saghas cuma atá ar an mbaile i bpictiúr a haon? / What sort of appearance does the town have in picture 1?
- Cén saghas ranganna oíche a chuirtear ar siúl?. / What type of night classes are run?.
- Cé mhéid airgid a bronnadh orthu? / How much money were they awarded with?

## Foclóir A-Z

- Truaillithe / polluted
- Ag cur thar mhaoil / overflowing
- Saoránaigh / citizens
- Acmhainn / Resource
- De shíor / Always
- Dul chun cinn/ improvement
- garraíodóireacht / gardening
- oibrí deonach/ volunteer
- A rath / their success
- inscríbhínn / inscription

## 'ing'

- Ag cur thar maoil / over-flowing
- Á phlé / discussing
- Ag glanadh / cleaning

## Gramadach

- Cnámh spairne / Tuiseal Ginideach; spairn = cnámh spairne
- Málaí móra dubha / uimhir iolra; mála mór dubh = mála**í** mór**<u>a</u>** dúbh**<u>a</u>**
- In aghaidh na míosa / Tuiseal Ginideach; an mhí= na míosa
- An fhadhb / Séimhiú (h) on 'fadhb' because "fadhb" is feminine.

## An Bhéaltriail

1. Cén saghas fadhbanna atá i do cheantar? / what sort of problems are there in your area?
2. An gcaitear go maith le seanóirí na laethanta seo? / Are elderly people treated well these days?
3. An fhadhb mhór í fadhb an truaillithe sa tír seo? / Is pollution a big problem in this country?

studyclix.ie
makes exams easier

# Breoite ar Scoil

## Pictiúr 1



- Sa phictiúr seo, tá Síle ag baint taitnimh as oíche ag an dioscó lena cairde agus feicimid iad ag canadh agus ag damhsa le chéile.

  Síle is enjoying a night at the disco with her friends and we see them singing and dancing together
- Níl cíos, cás nó cathú orthu.

  They haven't a care in the world
- Ag deireadh na hoíche, socraíonn Síle agus Sinéad dul chun sceallóga agus borgairí a fháil toisc go bhfuil siad stiúgtha leis an ocras.

  At the end of the night Síle and Sinéad decide to go get chips and burgers as they're starving.

## Pictiúr 2




- Ag a hocht a chlog an mhaidin dár gcionn, buaileann clog aláraim Shíle agus múchann sí é.

  At 8 o clock the following morning, Síle's alarm rings and she turns it off.
- Is ar éigean atá sí in ann bogadh, tá sí chomh lag sin.

  She's hardly able to move, she's so weak
- Glaonn sí ar a máthair, ag rá leí go bhfuil sí traochta amach is amach.

  She calls her mother, telling her she's totally wrecked.

## Pictiúr 3




- Is léir go bhfuil Síle in umar na haimléise ach níl trua dá laghad ag a máthair di agus seolann sí ar scoil í.

  It's clear that Sile's in a bad way but her mother has no pity for her and sends her to school
- Faigheann sí an bus ag geata an tí agus tá an bháisteach ag stealladh anuas ar Shíle bhocht.

  She gets the bus at the gate of the house and it's teeming rain down on poor Síle

# Breoite ar Scoil (cont'd)

## Pictiúr 4




- Feicimid Síle sa rang tíreolaíochta agus tá scrúdú tábhachtach ar siúl aici.

  We see Síle in geography class and she's doing an important test


- Ní féidir leí díriú ar an scrúdú áfach toisc go bhfuil tinneas cinn uafásach chomh maith le fonn cur amach uirthi.

  She can't concentrate on the test however, as she has a terrible headache and feels like throwing up

- Ní féidir a shéanadh go bhfuil sí i gcruachás ceart.

  One cannot deny that she's in a bad way

## Pictiúr 5




- Iarrann Síle cead dul amach óna múinteoir agus ligeann sé amach í.

  Sile asks for permission to leave from her teacher and he lets her out

- Téann sí díreach chun labhairt leis an bpríomhoide.

  She goes directly to speak to the principal

- Insíonn sí di go bhfuil pian uafásach ina bolg aici agus go bhfuil sí fíor-lag.

  She tells her that she has a terrible pain in her stomach and that she feels really weak.

- Tá cuma bhuartha ar an bpríomhoide.

  The principal looks worried.

## Pictiúr 6




- Tugann an príomhoide díreach chuig an dochtúir í agus aithníonn sé láithreach go bhfuil nimhiú bia ar Shíle bhocht.

  The principal takes her straight to the doctor and he immediately recognises that she has food poisoning

- Molann siad di sos leapa a thógáil go dtí go dtiocfaidh feabhas uirthi.

  They advise her to stay in bed until she gets better

- Ní dóigh liom go mbeidh sí ag ithe borgairí arís go ceann i bhfad.

  I don't think that she'll be eating burgers again for a long time

# Breoite ar Scoil (cont'd)

## Ceisteanna

- Cá bhfuil na cairde i bpictiúr a haon? / Where are the friends in pic 1?
- Conas a mhothaíonn Síle i bpictiúr a dó? / How does Sile feel in pic 2?
- Cad atá ar siúl ag na cailíní i bpictiúr a ceathair? / What are the girls doing in pic 4?

## Foclóir A-Z

- Sceallóga & Borgairí / Chips & burgers
- Stiúgtha leis an ocras / Starved
- Umar na haimléise / Shook
- Trua / Pity
- Tinneas cinn / Headache
- I gcruachás / In a bad way
- Fíor-lag / Weak
- Buartha / Worried
- Nimhiú Bia / Food poisoning
- Go ceann i bhfad / For a long time

## 'ing'

- Ag baint taitnimh / Leaving
- Ag rá / Hanging
- Ag stealladh (báistí) anuas / looking/searching for

## Gramadach

- Lena cairde = with her friends (no **h** because her + possessive never takes a séimhiú)
- Chomh = so / Chomh lag = so weak
- Geata an **tí** / the gate of the house (tuiseal ginideach - seilbh)
- Tá nimhiú bia **ar** S**h**íle / Food poisoning is **on** Sheila (she has it)

## An Bhéaltriail

1. An itheann tú bia gasta? / Do you eat fast food?
2. Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann le bia gasta? / What are the disadvantages of fast food?
3. An bhfuil do thuismitheoirí diana agat? / Do you have strict parents?

studyclix.ie
makes exams easier

# Teip sa scrúdú tiomána

## Pictiúr 1




- Sa phictiúr seo, feicimid Seán taobh amuigh den ionad tástála agus is léir go bhfuil sé ar tí a scrúdú tiomána a dhéanamh.

  We see Seán outside the test centre and it's clear that he's about to do his driving test

- Tá a athair in éineacht leis agus guíonn sé ádh mór air.

  His father is along with him and he wishes him good luck

- Tá cuma neirbhíseach ar Shéan bocht, ní call a rá.

  Poor Sean looks nervous, it goes without saying

## Pictiúr 2




- Sa phictiúr seo, tá an scrúdú faoi lán seoil.

  The test is underway

- I dtús báire, cuireann an scrúdaitheoir cúpla ceist ar Shéan faoi rialacha an bhóthair.

  Firstly, the examiner asks Seán a couple of questions about the rules of the road

- Ansin, ar aghaidh leo sa charr agus feicimid Seán taobh thiar den roth stiúrtha agus an scrúdaitheoir in aice leis.

  Then, away with them in the car and we see Seán behind the steering wheel and the examiner beside him

## Pictiúr 3



- I bpictiúr a trí, is léir nach bhfuil Seán ag tabhairt dóthain aire don bhóthar nuair a bheannaíonn sé dá chairde atá ag siúil thar bhráid.

  It's clear that sean is not paying enough attention to the road when he greets his friends who are going past.

- Ní mó ná sásta atá an scrúdaitheoir leis an iompar seo ó Sheán.

  The examiner isn't too happy with his behaviour from Seán

- Tá an scéim marcála ina lámha aige.

  He has the marking scheme in his hands

## Teip sa scrúdú tiomána (cont'd)

### Pictiúr 4



- I bpreabadh na súl, buaileann carr Sheáin an gluaisteán atá chun tosaigh.

  In the blink of an eye, Seán's car hits the car in front
- Baintear geit uafásach as tiománaí an ghluaisteáin eile chomh maith le Seán, an scrúdaitheoir agus na daoine eile atá i láthair.

  The driver of the other carr gets a terrible fright as does Seán, the examiner and the other people present
- Tá praiseach ceart déanta ag Seán den scrúdú – an t-amadán!

  Seán has made a total mess of the exam – the eejit

### Pictiúr 5




- Sa phictiúr seo, cuireann an tiománaí eile fios ar na Gardaí agus tagann Garda amháin gan mhoill.

  The other driver calls the Guards and a Guard turns up without delay
- Tá cúlsholas a ghluaisteáin briste ach buíochas le Dia, níl aon damáiste dáiríre déanta.

  The backlight of his carr is broken but thank God, there's no serious damage done
- Míníonn an scrúdaitheoir dó go raibh a scrúdú ar siúl ag Seán nuair a tharla an timpiste.

  The examiner explains to him that Seán was doing his test when the accident happened
- Tá cuma fheargach fós ar an tiománaí eile ach tairgeann Seán íoc as an damáiste.

  The other driver still looks mad but Seán offers to pay for the damage

### Pictiúr 6




- Sa phictiúr deireanach tá Seán agus an scrúdaitheoir ar ais san ionad tástála.

  Seán and the examiner are back in the test centre
- Deir an scrúdaitheoir leis go mbeidh seans eile aige an scrudú a dhéanamh i gceann cúpla seachtaine

  The examiner tells him that he'll have another chance to do the exam in a couple of weeks
- Molann sé dó tuilleadh cleachtaidh a dhéanamh agus, dár ndóigh, níos mó aire a thabhairt as seo amach.

  He advises him to practice more and ,of course, to take more care from now on.

studyclix.ie
makes exams easier

# Teip as scrúdú tiomána (cont'd)

## Ceisteanna

- Cén chuma atá ar Shéan i bpictiúr a haon? / How does Seán look
- Cad atá ar siúl ag Seán i bpictiúr a trí? / What's Seán doing?
- Cén damáiste atá déanta don charr? / What damage has been done to the car?

## Foclóir A-Z

- Ionad Tástála / Test centre
- In éineacht leis / With him
- Guíonn sé ádh air / He wishes him luck
- An scrúdaitheoir / The examiner
- An roth stiúrtha / The steering wheel
- Iompar / behaviour
- Scéim marcála / marking scheme
- I bpreabadh na súl / In the blink of an eye
- Praiseach ceart / A right mess
- Dáiríre / serious

## 'ing'

- Ag tabhairt (aire) / Paying attention

## Gramadach

- Ar tí = about to – "Bhí mé **ar tí** an teach a fhágáil nuair a thosaigh sé ag cur báistí"
- Beannaigh + do = to greet – "Bheannaigh sé **dom**" (He greeted me)
- An carr **chun tosaigh** = the car **in front**
- Aire a thabhairt = to take care

## An Bhéaltriail

1. An bhfuil tú in ann tiomáint? / Can you drive?
2. An bhfuil an scrúdú tiomána déanta agat? / Have you done the driving test?
3. Cad a cheapann tu faoi sábháilteacht ar na bóithre in Éireann? / What do you think of safety on the roads in Ireland?